HEA

Higher Education Authority
An tÚdarás um Ard-Oideachas

Plean Straitéiseach 2008–2010



ISBN 1-905135-24-6

Clár na nÁbhar

Brollach leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta, Mr. Batt O'Keefe, T.D.		**3**
Réamhrá le Cathaoirleach an ÚAO, An tUas. Michael Kelly		**5**
Rannán 1	Réamhrá	**7**
Rannán 2	Comhthéacs an Phlean Straitéisigh 2008 – 2010	**8**
Rannán 3	Ár bhFís don Ard-Oideachas	**12**
Rannán 4	Ráiteas Misin an ÚAO: Conas a chuideoidh an ÚAO leis an bhfís seo a bhaint amach?	**18**
Rannán 5	Tosaíochtaí Straitéiseacha 2008 – 2010	**22**
Rannán 6	Feidhmiú	**42**
Aguisín 1	Tagarmharcanna Céimíochta ECFE	**45**
Aguisín 2	Feidhmeanna Reachtúla an ÚAO	**46**
Aguisín 3	Gnóthachtálacha agus Dúshláin	**47**
Aguisín 4	Cláir Cistiúcháin an ÚAO	**51**

Brollach leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta, Mr. Batt O'Keefe, T.D.



Tá tábhacht níos mó ná riamh le hArd-Oideachas d'fhorbairt an duine, an t-sochaí agus na heacnamaíochta. Tá an t-sochaí ag brath ar ardoideachas agus ar thaighde chun spriocanna tábhachtacha náisiúnta a sheachadadh, ag áireamh feabhas a chur ar chuimsiú sóisialta, ar leibhéal na scileanna agus ar fhorbairt eacnamaíochta, réigiúnach agus chultúrtha a chur chun cinn.

Leag an Rialtas a thiomantas don ardoideachas amach sa Chlár don Rialtas, 2007 - 2012. Cuireann an Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2007 - 2013 an t-ardoideachas i gcroílár an pholasaí náisiúnta, agus is léiriú de sin an infheistíocht de €13 billiún a dhéanfar san earnáil thar saolré an Phlean. Cuideoidh an infheistíocht seo le cuspóirí tosaíochta a bhaint amach in eochair-réimsí mar rochtain, múineadh agus foghlaim ardchaighdeáin, soláthar solúbtha agus fás ar ár n-earnáil ceathrú leibhéal.

Soláthraíonn an PFN €510 milliún faoin gCiste um Nuálaíocht Straitéiseach. Tá an Ciste, atá á bhainistiú ag an ÚAO thar ceann mo Roinne, ag tacú d'aon toisc le hathchóiriú agus le nuachóiriú inár gcóras ardoideachais. Tá sé ag tacú le hinstitiúidí ardoideachais chomh maith díriú ar a nirt indibhidiúla agus lena gcomhpháirtíochtaí agus lena gcomharaíochtaí straitéiseacha a chuirfidh le caighdeán agus acmhainn den scoth tríd an gcóras iomlán ardoideachais a bhunú.

Cloch mhíle don earnáil ab ea achtú Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta, 2006 i bhFeabhra 2007. Soláthraíonn ainmniú na n-institiúidí faoin ÚAO deiseanna nua dá bhforbairt leanúnach agus d'fhorbairt leanúnach na hearnála ina hiomláine. Beidh na héifeachtaí sin le feiscint níos soiléire sna blianta atá romhainn.

I gcoinne cúlra ina bhfuil fás ag teacht ar an tábhacht atá le hardoideachas do gach duine againn chomh maith le comhthéacs athbhreithnithe agus méadú infheistíochta, tá an-áthas orm fáilte a chur roimh an bPlean nua Straitéiseach trí bliana seo atá forbartha ag an ÚAO. Tá straitéisí an ÚAO go hiomlán comhsheasmhach le cuspóirí an Rialtais, mar atá sonraithe sa PFN, agus leagann siad síos spriocanna atá uaillmhianach, ach indéanta

Oibreoidh mé féin agus mo Roinn go dlúth leis an ÚAO chomh maith le forbairt Straitéise Náisiúnta don Ard-Oideachas a rianóidh ár n-uaillmhianta náisiúnta agus a sholáthróidh treoracha soiléire d'fhorbairt na hearnála.



Batt O'Keefe, T.D.
Aire Oideachais agus Eolaíochta.

Réamhrá le Cathaoirleach an ÚAO, An tUas. Michael Kelly.



D'ullmhaíodh an Plean Straitéiseach seo de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas don tréimhse 2008 – 2010 tar éis comhairliúcháin fhairsing agus domhain machnamh, laistigh den ÚAO agus lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha araon. Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl don uile dhuine a bhí flaithiúil lena gcuid ama, taithí agus léargas. Creidimid gur Plean dúshlánach agus uaillmhianach atá ann, a leagann síos raon de thosaíochtaí tábhachtacha straitéiseacha, a chreidimid, atá ríthábhachtach d'fhorbairt leanúnach na hÉireann, agus éileoidh a sheachadadh gníomhaíocht ó roinnt eochairghníomhaithe, chomh maith leis an ÚAO.

Tá an Plean seo á fhoilsiú ag am suntasach, tar éis ainmniúcháin na n-institiúidí teicneolaíochta faoin ÚAO. Soláthraíonn an ainmniúcháin seo deis gan choinne le forbairt a dhéanamh ar chreat straitéiseach comhaontaithe d'ardoideachas na hÉireann, rud go bhfuil fonn mór ar an ÚAO a leanúint.

Tá an tArd-Oideachas níos tábhtachtaí ná riamh – cothaíonn sé forbairt sochaí atá saibhrithe ag saoránaigh gníomhacha, ardléannta; cabhraíonn sé le daoine forbairt lena lánacmhainneacht a bhaint amach, agus soláthraíonn sé caipiteal daonna oilte don eacnamaíocht. Tá fianaise atá thar a bheith suntasach ann ar na torthaí suntasacha atá ann don duine indibhidiúil nuair a infheistítear san oideachas agus san oiliúint fhoirmeálta agus tá rátaí dearfacha fáis feicithe ag na tíortha ECFE a infheistigh go maith san ardoideachas.

Is í ár bhfís don ardoideachas, mar atá sonraithe sa Phlean Straitéiseach seo, ná earnáil a chuidíonn le cur chun cinn an t-sochaí a fhorbairt trí institiúidí uathrialaitheacha ardoideachais atá cumasaithe, dinimiciúil, a eagraíonn gnó, le han-chuid acmhainní. Tá na hinstitiúidí sin lánfhreagrach don Rialtas as caiteachas an chiste poiblí agus as cuspóirí náisiúnta a sheachadadh.

Ceann d'eochairthosaíochtaí straitéiseacha thar tréimhse an Phlean seo is ea Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas a chríochnú. Tá an earnáil ardoideachais atá againn inniu an-difriúil leis earnáil a bhí ann deich mbliana ó shin agus beidh athruithe níos mó fós le feiceáil sna deich mbliana atá romhainn. Tá Straitéis Náisiúnta a sholáthróidh soiléire d'institiúidí ardoideachais maidir leis an ollchreat inar cheart dóibh feidhmiú, ríthábhachtach.

Tá an ÚAO tiomanta do leanúint ag obair leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta, a Roinn, na hinstitiúidí ardoideachais agus gach uile pháirtí leasmhar san ardoideachas. Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine agus tá tabhairt i gcrích na dtosaíochtaí straitéiseacha ag aon duine againn ag brath ar dhaoine eile a bheith ag baint amach a dtosaíochtaí straitéiseacha féin.

Michael Kelly.

Michael Kelly

Cathaoirleach an ÚAO

Rannán 1
Réamhrá

D'fhorbair agus ghlac an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) leis an bPlean Straitéiseach seo don tréimhse 2008 – 2010. Bhí sé ina ábhar comhairliúcháin fhorleathan leis an earnáil ardoideachais agus le comhlachtaí eile leasmhara.

Tá iarracht déanta againn ar phlean atá dúshlánach agus spreagthach a tháirgeadh agus a léiríonn an tábhacht atá le hardoideachas d'fhorbairt shochaí na hÉireann agus ár gcuid eacnamaíochta.

Léirigh ár n-earnáil ardoideachais a hacmhainneacht agus a rathúlacht san am atá thart. Tá dúshláin nua ann anois agus beidh ar an earnáil éilimh ó chuspóirí atá níos déine fós a sheachadadh i rith na deich mbliana atá romhainn. Leis an bhfeidhmiúchán seo a sheachadadh beidh gá le comhthiomantas ó gach páirt den chóras oideachais - bunoideachas, iar-bhunoideachas, breisoideachas agus ardoideachas, agus ní hamháin go bhfuil an feidhmiúchán ardleibhéil seo inmhianaithe - is riachtanas é.

Beidh eochair-ról ag an ÚAO, chun deimhin a dhéanamh de go soláthrófar na tacaíochtaí atá riachtanach don earnáil agus go ndéanfaidh na hinstitiúidí ardoideachais, le chéile, na cuspóirí náisiúnta a éilítear ar an earnáil a sheachadadh. Déanfaidh an ÚAO measúnú chomh maith ar na hacmhainní is gá do na hinstitiúidí chun cuspóirí náisiúnta a bhaint amach ar bhonn leanúnach agus deimhin a dhéanamh de go gcuirtear na riachtanais sin faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus a Roinn.

Cé gurb é an chéad tréimhse eile trí bliana atá á chlúdach ag an bPlean seo, dréachtadh é agus ionchais fadtéarmacha (go 2013) na hearnála san áireamh. Eochairthasc don tréimhse atá díreach romhainn is ea cúrsa a leagan amach d'fhorbairt fadtéarmach. Tá spriocanna insroichte, ach dúshlánacha, um ghnóthachtáil leagtha síos againn dúinn féin do shaolré an Phlean Straitéisigh seo. D'aithníomar chomh maith eochair-aschuir atá le seachadadh sa tréimhse sin. Beidh an dul chun cinn maidir leis na haschuir sin ina chuid den chreat le breithiúnas a thabhairt ar fheidhmiúchán an ÚAO thar an tréimhse seo.

2

Rannán 2

2. Comhthéacs an Phlean Straitéisigh 2008 – 2010

COMHTHÉACS POLASAÍ

Tá an t-ardoideachas, ar an gcéad dul síos, gafa le heolas a chur chun cinn agus a ghnóthú. Baintear é seo amach trí mhúinteoireacht, trí eolas atá ann cheana féin a tharchur agus, trí thaighde, trí eolas nua a fhionnadh. Is nasc lárnach agus bunúsach é an nasc idir mhúineadh agus taighde. Tá luachanna institiúide ardoideachais dírithe ar thóiríocht an eolais i gcultúr scoláireachta agus léinn agus ar éiteas d'ionracas agus saoirse acadúil. Trí chomhlíonadh na ndualgas éagsúla atá orthu, tá eochairpháirt ag ár n-institiúidí ardoideachais i spiorad na fiosrachta a fhorbairt i mic léinn indibhidiúla, agus ar shlite a chuideoidh leo a lánacmhainneacht a bhaint amach, ina ngairmeacha agus mar shaoránaigh i sochaí daonlathach araon.

Ar a shon sin, aithníonn Rialtais agus lucht déanta polasaí, níos mó ná riamh, go dtéann éifeachtachtaí dearfacha an ardoideachais i bhfeidhm go fada fairsing ar níos mó ná an duine indibhidiúil. Aithnítear anois gur cuiditheoir ríthábhachtach é an t-ardoideachas leis an leas náisiúnta. Tá an Rialtas tar éis a thiomantas don ardoideachas a leagan amach sa Chlár don Rialtas, 2007 – 2012, agus cuireann an Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2007 - 2013 an t-ardoideachas i gcroílár an pholasaí náisiúnta agus tá leibhéil méadaithe infheistíochta leithdháilte don earnáil. Tugann an PFN tosaíocht don ardoideachas mar ní atá lárnach d'fhorbairt leanúnach na tíre - "Tá acmhainneacht agus caighdeán chóras ardoideachais na hÉireann sa todhchaí ríthábhachtach dár leas sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta".[1]

CUSPÓIRÍ POLASAÍ

Sonraíonn an PFN gurb é is cuspóir náisiúnta do chóras ardoideachais na hÉireann ná é a bheith ar an gcéad scoth feidhmíochta laistigh den ECFE [2] (féach Aguisín 1 chun ár suíomh reatha sna tagarmharcanna grádaíochta ECFE a fháil amach).

Tá an PFN tar éis na nithe seo a leanas a aithint mar riachtanais forbartha go gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu thar saolré an phlean:

- Rannpháirtíocht méadaithe agus rochtain feabhsaithe;
- Solúbthacht níos mó a spreagadh i dtairiscintí chúrsaí chun riachtanais éagsúla phobal na mac léinn a shásamh i gcomhthéacs foghlama ar feadh an tsaoil;
- Caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama a chur chun cinn;
- Líon na PhD agus na ngníomhaíochta taighde a mhéadú go suntasach;

1 Rialtas na hÉireann (2007) Plean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013: Éire ag Athrú - Cáilíocht Níos Fearr na Beatha do Chách. (lch. 202)
2 Rialtas na hÉireann (2007) Plean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013: Claochló na hÉireann - Cáilíocht Níos Fearr Beatha do Chách. (lch. 204)

- Tarchur éifeachtach teicneolaíochta; agus

- Róil éagsúla ardoideachais i soláthar léargais neamhspleácha intleachtúla agus i gcuidiú lenár léirthuiscintí níos fairsinge sóisialta, daonna agus cultúrtha a chosaint agus a neartú.

Tá na tosaíochtaí thuasluaite sonraithe i mórán doiciméad eile um polasaí poiblí. Mar shampla, tá sprioc ag an Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíocht agus Nuálaíochta, 2006 - 2013 (SETN), líon na mbronntaí PhD a dhúbailt (ó bhonn de 647 in 2003); mhol an Straitéis Náisiúnta Scileanna an ráta rannpháirtíochta san ardoideachas a mhéadú ó 55% [3] go 72% roimh 2020 d'fhonn an t-éileamh, atá ag síor mhéadú, ar chéimithe ardoideachais a shásamh.

Tá cuspóirí an PFN don earnáil ardoideachais dúshlánach agus uaillmhianach. D'fhonn iad sin a bhaint amach beidh gá le tiomantas ó gach páirtí leasmhar sa t-sochaí agus go háirithe ó gach páirtí leasmhar laistigh den earnáil oideachais, trí thacar comhtháite agus comhthacaíochta de fhreagairtí polasaí sna hearnálacha bunoideachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais.

RÓIL AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA AGUS AN ÚAO FAOI SEACH

Déanann an tAire Oideachais agus Eolaíochta agus a Roinn, mar chuid den Rialtas lárnach, polasaí a leagan síos don ardoideachas, maoirseacht ar fhorfheidhmiú an pholasaí sin agus measúnú ar na torthaí. Comhlacht is ea an ÚAO, a bhunaigh an tOireachtas faoi choimirce an Aire agus atá freagrach don an Aire agus ar a bhfuil freagrachtaí suntasacha san ardoideachas agus sa taighde. Tá feidhmeanna reachtúla an ÚAO cuimsithe in Aguisín 2. Cé go mbronann Acht an ÚAO, 1971 méid shuntasach neamhspleáchais ghníomhaíochta air, tá ar an ÚAO ag an am céanna, go praiticiúil agus ó thaobh na freagrachta daonlathaí de, feidhmiú laistigh den chreat polasaí a chinneann an tAire agus/nó an Rialtas.

Tá an ÚAO éagsúil sa mhéid is go bhfuil sé, mar a aithnítear i dtéarmaí idirnáisiúnta ardoideachais, ina chomhlacht idirghabhála – ag déanamh idirghabhála idir an Rialtas agus institiúidí ardoideachais. Deimhníonn sé don chéad dream go bhfuil na hinstitiúidí cuntasach, agus don dara dream saoirse acadúil agus leibhéal suntasach de neamhspleáchas institiúide. Tá staid uathúil an ÚAO in ollstruchtúr na hearnála léirithe i bhFigiúir 2.1.

Laistigh den chomhthéacs riaracháin agus dlíthiúil seo, is iad seo a leanas na heochairfhreagrachtaí atá ar an ÚAO:

- Seasamh cinnireachta a ghlacadh i gcomhairle a thabhairt don Aire Oideachais agus

3 55% is ea ráta rannpháirteachta na hÉireann san ardoideachas (Foinse: Cé a chuaigh ar Choláiste? Suirbhe Náisiunta ar iontrálaithe nua san Ardoideachas, ÚAO 2006). Ríomhadh an ráta seo trí ghlacadh le líon na n-iontálaithe nua san ardoideachas mar chion den chohórt den phobal aoise óna dtagann 70%-80% de na nua-iontrálaithe (aoisghrúpa 17-19 a bhí ann in 2004).

2

Eolaíochta ar pholasaí ardoideachais agus taighde;

- Cuspóirí náisiúnta a chur in alt a chéile i gcreat comhleanúnach d'institiúidí ardoideachais agus cláir cistiúcháin a fhorbairt agus a bhainistiú d'fhonn gnóthachtáil na gcuspóirí sin a dhreasú agus a thacú;

- Eolas a sholáthar don Rialtas ar scála na n-impleachtaí acmhainne leis na spriocanna sonraithe náisiúnta a bhaint amach don earnáil. Mar shampla, is cuspóir uaillmhianach é ord tosaigh i bhfeidhmiúchán grádaíochta ECFE le ráta rannpháirtíochta de 72% roimh 2020 a bhaint amach, ach beidh gá le hinfheistíocht bhreise;

- Deimhin a dhéanamh de go mbaineann an earnáil an úsáid is fearr as acmhainní agus go bhfeicfí go bhfuil an earnáil cuntasach. Tá méadú in infheistíocht an Rialtais ag brath ar an earnáil a bheith ábalta a léiriú go mbeidh an infheistíocht sin ag cuidiú le gnóthachtáil na gcuspóirí náisiúnta. Tá bearta dochta cuntasachta i bhfeidhm cheana féin, ach tá eochairfhreagracht orainn deimhin a dhéanamh de go ndéanfar monatóireacht, ath-shainmhíniú agus daingniú orthu; agus

- Tacú le forbairt ar mhais chriticiúil inár gcóras ardoideachais trí institiúidí ardoideachais a dhreasú lena bheith níos straitéisí agus go méadóidís beartais chomharaíochta lena chéile agus le comhpháirtithe eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Is laistigh den chomhthéacs seo de thimpeallacht atá ag athrú go mear, de chuspóirí náisiúnta polasaí agus de fhreagrachtaí faidseasmhacha reachtúla a leagaimid amach ár ráiteas misin agus go ndéanaimid ár n-eochair-réimsí gníomhaíochta agus ár gcuspóirí do thréimhse an Phlean Straitéisigh a shainmhíniú.

FIGIÚR 2.1: STRUCHTÚR AN ARDOIDEACHAIS



Tá sé i gceist Figiúr 2.1 a bheith ina bhreac-léiriúchán ar róil agus freagrachtaí laistigh den chóras ardoideachais.

3

Rannán 3
Ár bhFís don Ard-Oideachas

FORBHREATHNÚ

Cé gur do thréimhse trí bliana a ceapadh an Plean Straitéiseach seo, d'ullmhaíodh é mar chuid dílis d'fhís níos fadtéarmaí don earnáil ardoideachais a chumasóidh í leis an réimse de chuspóirí náisiúnta atá sonraithe in alt 2 a sheachadadh. San idirthréimhse go 2013, agus críoch an Phlean Forbartha Náisiúnta reatha, oibreoimid chun córas ardoideachais a chuidíonn le forbairt ár sochaí agus ár n-eacnamaíocht a chruthú trí institiúidí atá cumasaithe, dinimiciúil, a eagraíonn gnó, le han-chuid acmhainní agus atá féinrialaitheach, agus atá lánchuntasach don an ÚAO agus don Rialtas maidir le caiteachas cistí poiblí agus maidir le cuspóirí náisiúnta atá sonraithe ag an Rialtas a sheachadadh.

Mhol an tAthbhreithniú ECFE ar an Ard-Oideachas go leanfaí den dá ról éagsúil d'earnálacha na n-ollscoileanna agus na n-institiúidí teicneolaíochta le hidirdhealú soiléir misin idir an dá cheann acu. Chur an Plean Forbartha Náisiúnta béim ar an dearcadh seo arís agus mhol gur cheart go dtacófaí lenár n-ollscoileanna agus ár n-institiúidí teicneolaíochta atá ann cheana féin i bhforbairt agus i bhfeabhsú a róil de réir na neart atá acu cheana féin, mar chuid de chóras comhaontaithe ardoideachais a ghnóthaíonn ardchaighdeáin domhanda.

FÍS AN ÚAO DON ARD-OIDEACHAS

Tá an tArd-Oideachas lárnach d'fhorbairt na hÉireann agus tá an mac léinn mar phríomhfhócas na ngníomhaíochtaí uile ardoideachais; tá múinteoireacht agus foghlaim ardchaighdeáin, ar leibhéal an fhochéimí agus an iarchéimí araon, i gcroílár mhisean na n-institiúidí ardoideachais, a bhunaíonn earnáil ar cheart aitheantas idirnáisiúnta a thabhairt di chomh maith:

- **do chultúr beoga taighde agus nuálaíochta atá faoi thiomáint an ardchaighdeáin, a thugann aghaidh ar raon fairsing disciplíní agus atá ceangailte go dlúth leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim;**
- **don chuidiú a thugann sí do chuimsiú sóisialta tríd an deis a sholáthar don uile dhuine a bheith rannpháirteach agus a lánacmhainneacht a bhaint amach;**
- **don soláthar a dhéanann sí ar chéimithe nuálacha agus cruthaitheacha go bhfuil na scileanna riachtanacha ar a dtoil acu chun feidhmiú go héifeachtach i dtimpeallacht iomaíoch agus cuidiú le cultúr fiontraíochta agus fiontraithe a chothú; agus**
- **solúbthacht i soláthar, ag tairiscint ildeiseanna do dhul chun cinn oideachasúil trí mheicníochtaí mar mhodúlúchán, staidéar páirtaimseartha, cianfhoghlaim agus r-fhoghlaim, agus dá réir sin ag fíorú an choincheapa um fhoghlaim ar feadh an tsaoil.**
- **spiorad fiosrúcháin agus a bheith mar fhoinse um léargas neamhspleách ar cheisteanna ag a bhfuil tionchar ar ár sochaí;**

Is iad ár n-institiúidí ardoideachais an infreastruchtúr trína mbainfear amach an fhís don ardoideachas. Cé go bhfuil an fhís dúshlánach ní rud nua ar fad í don earnáil ardoideachais, earnáil inar éirigh go geal le hinstitiúidí cheana féin ag dul sa treo seo - tá cuid de na réimsí eochairghnóthachtála thar na mblianta sonraithe in Aguisín 3, chomh maith le béim ar chuid de na dúshláin is tábhachtaí ar a gcaithfear aghaidh a thabhairt. Ar a shon sin, beidh ar na hinstitiúidí céim in airde a ghlacadh go leibhéal nua feidhmiúcháin; bainistiú a dhéanamh ar leibhéil méadaithe rannpháirtíochta na bhfhochéimithe agus na n-iarchéimithe; feabhas a chur ar chaighdeán na múinteoireachta agus na foghlama agus an t-ardoideachas a sheachadadh ar bhealaí níos nuálaí agus níos solúbtha.

Tá dualgas teagmhasach chomh maith, maidir le gnóthachtáil na físe, ar na hinstitiúidí teicneolaíochta atá ag feidhmiú ar leibhéil de neamhspleáchas institiúide atá comhsheasmhach leo sin atá in ollscoileanna agus laistigh de chreat docht freagrachta, toradh a fheabhsóidh a bhfeidhmiúchán go ginearálta. Tacóidh an ÚAO leis na hinstitiúidí chun an sprioc seo a bhaint amach thar tréimhse an Phlean Straitéisigh seo.

Tá dúshlán speisialta roimh an earnáil feabhas breise a chur ar chaighdeán ár gcóras ardoideachais de réir mar a mhéadaímid ár ráta rannpháirtíochta ó 55% go 72% faoi 2020. In éineacht leis an bhfás seo beidh éagsúlacht níos mó i ndaonra ár gcuid mac léinn, ag áireamh éagsúlacht i dtéarmaí gnóthachtála acadúil roimhe seo, rud a chruthóidh dúshláin maidir le modheolaíochtaí nua agus chuí múinteoireachta agus foghlama a chruthú. Caithfear an fás seo a bhainistiú chun go leanfaidh na hardchaighdeáin sa mhúinteoireacht, sa bhfoghlaim agus sa mheasúnú orthu ag tiomáint an chórais. Tá róil thábhachtacha le comhlánú ag Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann (BCOÉ) agus ag Comhairle na nDámhachtainí Ard-Oideachais agus Oiliúna (HETAC) maidir leis seo, agus tá eochairfhreagrachtaí maoirseachta ar an ÚAO agus ar Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (ÚNCÉ) [4]. Ní gá go mbeadh torthaí diúltacha ann ó thaobh an chaighdeáin de dheasca méadú ar an ráta rannpháirtíochta ó 55% go 72% faoi 2020, chomh fada agus is ann do leoracmhainní do na tacaíochtaí riachtanacha – fíric atá léirithe go maith ag tíortha eile cinnireachta ECFE ina bhfuil leibhéil rannpháirtíochta dá leithéid bainte amach cheana féin (e.g. An Fhionlainn).

Beidh ar institiúidí ardoideachais glacadh le cur chuige forásach straitéiseach i ngach ceann dá ngníomhaíochtaí; leibhéil níos mó freagrachta agus éifeachtachta a léiriú agus a bheith rannpháirteach i níos mó comharaíochta. Beidh dlúthchaidreamh oibre le soláthróirí eile oideachais riachtanach d'fhonn deimhin a dhéanamh de go gcothófar soláthar mac léinn don earnáil ardoideachais agus chun go mbeidh an deis ag mic léinn rochtain ar ardoideachas ar shlite éagsúla.

Tá gnóthachtáil ár bhfís don ardoideachas ag brath chomh maith ar leibhéil acmhainne ina comhréir a bheith ar fáil don earnáil – agus beidh méid shuntasach iontu sin. Níl Éire uathúil maidir le bheith ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an dúshlán leor-infheistíocht a dheimhniú chun uaillmhianta ardoideachais a shásamh agus maidir lena bhaint amach conas is fearr na costais a bhaineann le córas ardchaighdeáin oideachais a leithdháileadh ar na páirtithe éagsúla leasmhara.

4 Tá Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (ÚNCÉ) tar éis athbhreithnithe cáilíochta ar Chomhairle na nDámh achtainí ArdOideachais agus Oiliúna (HETAC) agus ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a chríochnú.

3

Tá léiriú dár bhfís don Ard-Oideachas i bhFigiúr 3.1.

FIGURE 3.1: VISION FOR IRISH HIGHER EDUCATION

An Mac léinn ag croílár an Ard-Oideachais



An tEispéireas Mac Léinn á sheachadadh ag Institiúidí Ard-Oideachais



Rannán 4

4

Ráiteas Misin an ÚAO: Conas a chuideoidh an ÚAO leis an bhfís seo a bhaint amach?

Is é an ÚAO an comhlacht go bhféachann institiúidí ardoideachais agus an Rialtas araon ina threo chun athruithe a thionscain agus tionchar a bheith aige ar threoir inár n-earnáil ardoideachais. Trínár bhfreagrachtaí agus feidhmeanna reachtúla, táimid i riocht lárnach agus uathúil chun cinnireacht a thabhairt ar fhorbairt na hearnála ardoideachais i dtreo gnóthachtáil na físe don ardoideachas mar atá sonraithe in alt 3.

Tá cruthaithe ag an ÚAO go bhfuil an acmhainneacht aige chun athruithe a thabhairt i gcrích. I measc na n-eochairdhúshláin do thréimhse an phlean straitéisigh seo tá athchóiriú ár gcur chuige cistiúcháin chun deimhin a dhéanamh d'ailíniú níos fearr le cuspóirí náisiúnta agus ár gcomhairle polasaí agus ár róil abhcóideachta a neartú. Seo a leanas ráiteas dár misean:

Beimid inár gcinnirí i bhforbairt polasaí don earnáil agus beidh ár gcomhairle polasaí don Aire Oideachais agus Eolaíochta réamhghníomhach agus fianaise-bhunaithe. Mar abhcóide don ardoideachas, cuirfimid a bhuntáistí agus a riachtanais chun cinn don phobal is fairsinge is féidir. Cuirfidh an ÚAO, trí chistiúchán agus meicníochtaí eile, forbairt na hearnála ardoideachais chun cinn, earnáil ar a bhfuil cáil d'ardchaighdeán múinteoireachta, foghlama agus taighde; atá freagrach do na páirtithe uile leasmhara, do mhic léinn agus dá dtuismitheoirí, don bhfoireann, don phobal trí chéile agus don Rialtas agus a chuidíonn go hiomlán leis na riachtanais náisiúnta, sóisialta agus eacnamaíochta trí sholáthairtí éagsúla.

Is i dtrí eochair-réimse gníomhaíochta atá príomhthréith ár misean:

- Comhairle agus Pleanáil Polasaí
- Cistiúchán agus Cuntasacht
- Abhcóideacht

Cé go ndéanaimid cur síos ar ár ngníomhaíochtaí faoi na trí eochair-réimse gníomhaíochta sin, is fíor a rá nach féidir ár ngníomhaíochtaí a chur go beacht faoi aon réimse ar leith mar is ann d'idirghníomhaíocht agus comhtháthú substaintiúil idir na réimsí uile. Cuireann cuntasacht phoiblí na n-institiúidí ardoideachais bonn agus taca faoi gach réimse dár ngníomhaíocht agus tá sí lárnach dár misean reachtúil.

4

COMHAIRLE AGUS PLEANÁIL POLASAÍ

Tá ról um chomhairliúchán polasaí á chomhlíonadh ag an ÚAO san earnáil ardoideachais. Tá freagrachtaí orainn ar fud na hearnála ardoideachais agus, lasmuigh de Roinn an Aire féin, is sinne príomhchomhairleoirí an Aire Oideachais agus Eolaíochta i leith polasaí ardoideachais. Déanann ár bhfeidhm polasaí eolasú go díreach ar ár gcur chuige don chistiúchán, mar is trínár meicníochtaí cistiúcháin agus cuntasachta go príomha a bhíonn tionchar againn ar ghnóthachtáil na spriocanna agus na bpolasaithe.

Tá freagracht orainn a bheith inár gcinnirí um cheapadh polasaí san earnáil ardoideachais agus táimid tiomanta do chomhairle polasaí atá nuálach, oibiachtúil, réamhghníomhach agus fianaise-bhunaithe a sholáthar don Aire Oideachais agus Eolaíochta.

Mar fho-thacar den bhfeidhm um chomhairle polasaí, tá freagracht ar an ÚAO forbairt rathúil na hearnála ardoideachais agus taighde a phleanáil. Tá rathúlacht na hearnála ag brath go han-mhór ar a hacmhainneacht a bheith ag teacht roimh, agus ag pleanáil d'athruithe. Tá an fheidhm pleanála gafa chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta; ag stiúradh taighde ar shamhail ardoideachais nó ar ghnéithe ar leith agus cineálacha cur chuige nua agus dúshlánach don ardoideachas agus do thaighde a fhorbairt agus a chur in iúl.

Tá pleanáil d'fhorbairt na hearnála ar staid an-tábhachtach i láthair na huaire. Soláthraíonn ainmniú na n-institiúidí teicneolaíochta faoin ÚAO deis iontach chun earnáil chomhordaithe ardoideachais a fhorbairt, ag feidhmiú faoi chreat aontaithe, straitéiseach, comhdhéanta d'institiúidí éagsúla. Tá freagracht ar an ÚAO deimhin a dhéanamh de go dtarlaíonn forbairt laistigh de chomhthéacs straitéiseach agus pleanáilte.

CISTIÚCHÁN AGUS CUNTASACHT

Tá an ÚAO freagrach as leithdháileadh a dhéanamh ar chistiúchán státchiste san earnáil ardoideachais. Tá raon de chláir chistiúcháin á mbainistiú againn a leithdháiltear go straitéiseach agus a thacaíonn le spriocanna polasaí ardoideachais a sheachadadh. Tá na prionsabail a threoraíonn ár gcur chuige don chistiúchán leagtha amach i mBosca 4.1. Tá ár gcistiúchán ceaptha chun tacú le múinteoireacht, foghlaim agus taighde ardchaighdeáin atá costéifeachtach agus chun tacú le hathchóiriú institiúideach, nuair is cuí. Is aidhm dúinn deimhin a dhéanamh go gcaithfear cistiúchán státchiste ar bhealach atá éifeachtach agus foirfe, agus comhsheasmhach le cuspóirí polasaí poiblí.

BOX 4.1 APPROACH TO FUNDING – INFORMING PRINCIPLES:

4.1

- Tá prionsabail an ardchaighdeáin agus na sármhaitheasa mar bhonn agus mar thaca ag na gníomhaíochtaí uile ardoideachais agus taighde a chistítear ón Státchiste;
- Bítear ag súil le cuntasacht do, agus éifeachtacht in, úsáid an chistiúcháin phoiblí;
- Déantar leithdháiltí cistiúcháin ar shlí atá cothrom agus trédhearcach;
- Tá nasc idir leithdháiltí cistiúcháin agus feidhmiúchán agus gnóthachtáil na gcuspóirí náisiúnta d'earnáil an ardoideachais.
- Faigheann institiúidí ardoideachais atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí comhoibrithe agus breisluacha le hinstitiúidí eile ardoideachais luach a gcuid saothair;
- Déantar neamhspleáchas institiúide a choinneáil laistigh de chomhthéacs cuntasachta do chistí poiblí agus do ghnóthachtáil chuspóirí náisiúnta; agus
- Nuair is cuí, leithdháiltear cistiúchán ar bhonn iomaíoch, le critéir shoiléir agus le comhairle ó phainéil neamhspleách saineolaithe le measúnú a dhéanamh ar mholtaí chun cistiúcháin.

ABHCÓIDEACHT

Ag cur lena róil um chomhairle polasaí agus chistiúchán chun córas ardchaighdeáin ardoideachais a fhorbairt, feidhmíonn an ÚAO ina abhcóide chomh maith ag an gcóras sin. Tacaímid leis an gcuidiú ríthábhachtach a thugann institiúidí ardoideachais d'fhorbairt náisiúnta, shóisialta, eacnamaíochta agus chultúrtha. Tá eochair-ról á chomhlíonadh againn i gcur chun cinn an ardoideachais mar chuid de chóras comhtháite oideachais a chumasaíonn daoine indibhidiúla a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a bheith rannpháirteach mar shaoránaigh ghníomhacha. Tá ról na habhcóideachta iltaobhach -

- Don Rialtas, léirímid an luach agus an tábhacht atá le hardoideachas don tír agus léirímid cuntasacht agus feidhmiúchán na hearnála trí na torthaí atá á mbaint amach aici.
- Do mhic léinn, do thuismitheoirí agus don phobal trí chéile taispeánaimid na buntáistí pearsanta a bhaintear amach trí ardoideachas agus déanaimid an rannpháirtíocht a spreagadh.
- Do thionsclaíocht, cuirimid an tábhacht atá le hardoideachas a chur chun cinn d'fhostóirí, cothaímid naisc ardoideachais agus tionsclaíocha agus spreagaimid infheistíocht thionsclaíochta san ardoideachas.
- D'institiúidí ardoideachais, bímid rannpháirteach i gcritíc chuiditheach leanúnach ár gcóras ardoideachais chun tacú le feabhsú leanúnach an fheidhmiúcháin.
- Don sochaí go ginearálta, léirímid an eochair-ról atá á chomhlíonadh ag an ardoideachas i gcur chun cinn an t-sochaí agus le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus dhúshláin an t-sochaí, atá ag teacht chun cinn.

4

Is ár ról abhcóideachta á chomhlíonadh againn, cuirimid chun cinn an cás atá ann d'infheistíocht bhuan agus bhreise san earnáil ardoideachais rud is gá chun tosaíochtaí nua agus forásacha náisiúnta a bhaint amach. Is an ról seo á chomhlíonadh againn, caithfimid deimhin a dhéanamh de nach ndéantar aonrú ar an earnáil ardoideachais, ach go dtacaímid le cur chuige soiléir thar gach earnáil oideachais mar chuid de chur chuige aontaithe Rialtais don oideachas.

Níos mó ná riamh, éilíonn ár róil abhcóideachta go gcoimeádfaimis próifíl láidir náisiúnta agus idirnáisiúnta agus go mbeimis rannpháirteach go gníomhach i líonraí cuí. Tá caidreamh idirnáisiúnta ag méadú mar chuid tábhachtach d'obair an ÚAO. Cuimsíonn sé seo comhaontaithe foirmeálta (leis an tSín le déanaí) nach mór seirbhísiú a dhéanamh orthu, agus obair níos neamhfhoirmeálta ina gcastar le toscaireachtaí agus ina gcuidítear le toscaireachtaí Éireannacha ag dul thar lear. Deimhníonn an ÚAO go mbíonn Éire feasach ar, agus ceangailte de, líonraí éagsúla ar leibhéal an AE agus go hidirnáisiúnta.

Rannán 5

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2008 - 2010

Tá eochairthosaíochtaí straitéiseacha leagtha síos againn dúinn féin thar tréimhse an Phlean Straitéisigh seo faoi gach réimse gníomhaíochta. Áiseoidh gnóthachtáil na dtascanna seo ár n-earnáil oideachais chun an fís atá leagtha síos in alt 3 a sheachadadh.

Laistigh de gach tosaíocht straitéiseach, tá eochairaschuir leagtha síos againn dúinn féin chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fheidhmiúchán.

TÁBLA 5.1: FORBHREATHNÚ AR THOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

Comhairle & Pleanáil Polasaí	Cistiúchán & Cuntasacht	Abhcóideacht
Straitéis Náisiúnta a fhorbairt don Ard-Oideachas Creat straitéiseach aontaithe a fhorbairt don Ard-Oideachas Comhionannas rochtana agus foghlaim ar feadh an tsaoil Soláthar Éagsúlachta disciplíne Tógáil an chórais um thaighde	Measúnú ar oll-leibhéil chistiúcháin earnála Leithdháileadh straitéiseach cistiúcháin Cuntasacht trí chistíocht feidhmiúcháin Beartais eile cuntasachta a dhaingniú, ag áireamh beartas laistigh d'institiúidí ardoideachais	Tuarascálacha Bliantúla ÚAO Tuarascáil bhliantúil um chuntasacht earnála Athbhreithnithe polasaí Caidrimh níos láidre a fhorbairt leis na páirtithe leasmhara Monatóireacht a dhéanamh ar ardoideachas i gcomhthéacs idirnáisiúnta Straitéis do na meáin agus don chumarsáid

COMHAIRLE AGUS PLEANÁIL POLASAÍ

Tá ról polasaí an ÚAO sonraithe níos luaithe agus leagann Alt 2 síos an comhthéacs timpeallachta ardoideachais ina bhfuil an ÚAO ag iarraidh an earnáil ardoideachais a fhorbairt agus a neartú agus comhairle a thabhairt don Aire Oideachais agus Eolaíochta.

I gcaitheamh an Phlean Straitéisigh seo, táimid tar éis na réimsí seo a leanas a aithint agus ina gcreidimid go mbeidh gá ag an earnáil le treoir pholasaí, cé go gcaithfear a chur san áireamh gur dócha go dtiocfaidh tosaíochtaí eile chun cinn thar saolré an Phlean:

1. Straitéis Náisiúnta a Fhorbairt don Ard-Oideachas;
2. Creat straitéiseach aontaithe a fhorbairt don Ard-Oideachas;
3. Comhionannas rochtana agus foghlaim ar feadh an tsaoil;
4. Éagsúlacht ar sholáthar disciplíní; agus
5. Tógáil an chórais um thaighde

5

1. STRAITÉIS NÁISIÚNTA A FHORBAIRT DON ARD-OIDEACHAS

Forbhreathnú:

Ceann de na heochairthosaíochtaí a d'eascair ón bpróiseas comhairliúcháin ar glacadh leis i bhforbairt an Phlean seo ná an gá a bhrath na páirtithe leasmhara a bhí le straitéis náisiúnta don ardoideachas. Tá a lán daoine den tuairim go bhfuil gá le straitéis náisiúnta, na snáitheanna uile ó na doiciméid ábhartha polasaí a thabhairt le chéile (e.g. Tuarascáil na Foirne Athbhreithnithe ECFE, an SETN, an Grúpa Straitéiseach Fiontar, an Straitéis Náisiúnta Scileanna, etc.) in aon straitéis amháin don ardoideachas. Sholáthródh straitéis dá leithéid soiléire d'institiúidí ardoideachais maidir leis an gcreat iomlán faoinar cheart dóibh feidhmiú.

Tá an earnáil atá le feiscint againn inniu éagsúl go mór leis an earnáil a bhí ann deich mbliana ó shin. I measc na n-eochairathruithe a tharla tá méadú suntasach ar rannpháirtíocht, méadú gan fasach in acmhainneacht thaighde, ollfhiontair chomharaaíochta bunaithe in institiúidí ardoideachais agus athruithe ar líon na mac léinn sna disciplíní, cláir agus institiúidí éagsúla. Nuair a bheifear ag pleanáil don todhchaí beidh sé thar a bheith riachtanach do gach páirtí leasmhar, Rialtas, gníomhaireachtaí agus institiúidí a bheith ag obair laistigh de chreat a thuigeann gach duine.

Tá cur chuige comhoibrithe ó eochairpháirtithe leasmhara agus ó eochairghníomhaireachtaí in earnáil an ardoideachais riachtanach d'fhorbairt na Straitéise Náisiúnta. Thar tréimhse an Phlean Straitéisigh seo, tá an ÚAO toilteanach ról lárnach a bheith aige ag obair leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun an chleachtadh seo a chur chun cinn.

Eochair-aschuir:

- Forbrófar straitéis náisiúnta don ardoideachas. Beidh sé seo ina aschur ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ach tá an ÚAO ag tnúth le bheith ag obair leis an Roinn ina fhorbairt.

2. CREAT STRAITÉISEACH AONTAITHE A FHORBAIRT DON ARDOIDEACHAS

Forbhreathnú:

Rinne achtú an Achta um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006 an chistíocht státchiste agus freagrachtaí eile do na hinstitiúidí teicneolaíochta a aistriú ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta go dtí an ÚAO. Is deis shuntasach í seo le forbairt a dhéanamh ar chreat straitéiseach aontaithe do na hollscoileanna agus do na hinstitiúidí teicneolaíochta araon in Éirinn. Ar cheann de na chéad tosaíochtaí don ÚAO tá réitigh a fhorbairt um chomhtháthú rathúil na n-institiúidí teicneolaíochta ina phróiseas cistiúcháin agus i bpróisis eile, ar bhonn comhsheasmhachta an chur chuige idir ollscoileanna agus institiúidí.

Tosaíocht eile a bheidh ann ná tionscnaimh chuí polasaí a cheapadh agus a fheidhmiú chun deimhin a dhéanamh de bhainistiú rathúil do shainiú na hinstitiúide teicneolaíochta. Is é an cuspóir atá ann ná earnáil shoiléir, straitéiseach agus chomhoibritheach ardoideachais a fhorbairt, atá comhdhéanta d'institiúidí éagsúla atá ar chomhstádas ag leanúint de mhisin éagsúla agus, i dteannta a chéile, a dhéanann raon fairsing de chuspóirí náisiúnta a sheachadadh. Ceann de na heochairghnéithe a bhaineann le sainiú rathúil ná cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'institiúidí teicneolaíochta feidhmiú le níos mó neamhspleáchais institiúidigh, laistigh de chreat láidir cuntasachta. Is forbairt ar chreat aontaithe, ach éagsúil, straitéiseach á chur chun cinn don ardoideachas in Éirinn, beidh sé tábhachtach a aithint gur fhorbair na hinstitiúidí teicneolaíochta agus na hollscoileanna ar shlite difriúla agus caithfear soiléire níos mó a bheith ann ar róil éagsúla na n-institiúidí teicneolaíochta agus na n-ollscoileanna i réimsí mar mhúinteoireacht agus foghlaim, taighde, forbairt réigiúnach, naisc le tionsclaíocht, cuimsiú sóisialta agus riachtanais scileanna a shásamh.

Eochair-aschuir:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha institiúide teicneolaíochta agus tuarascáil a thabhairt ar straitéis na hearnála; Soláthraíonn an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta ról don ÚAO le hathbhreithniú a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha institiúidí agus tuarascáil a thabhairt ar an athbhreithniú sin. Soláthraíonn an ról seo deis thábhachtach chun an caidreamh leis na hinstitiúidí a chothú agus a dhaingniú, agus slí chomhaontaithe straitéiseach a fhorbairt ar mhaithe le forbairt leanúnach na hearnála.
- Forbairt a dhéanamh ar eilimint chistiúcháin atá córas-fhorleathan, straitéiseach agus feidhmiúchán-bhunaithe um leithdháileadh foriomlán deontais; Leagfaidh an ionstraim nua cistiúcháin seo síos spriocanna náisiúnta go mbeidh ar na hinstitiúidí uile ardoideachais aghaidh a thabhairt orthu, agus soláthróidh sé bonn le measúnú a dhéanamh ar a gcuidiú indibhidiúil do na spriocanna sin agus ar fheidhmiúchán córas-fhorleathan araon.

5

3. COMHIONANNAS ROCHTANA AGUS FOGHLAIM AR FEADH AN TSAOIL

Forbhreathnú

Comhionannas Rochtana

Tosaíocht straitéiseach don Rialtas is ea é comhionannas rochtana ar an ardoideachas a bhaint amach. Caithfidh an deis a bheith ag foghlaimeoirí ó gach cineál cúlra a bheith rannpháirteach go rathúil san ardoideachas agus páirt iomlán a ghlacadh i sochaí agus in eacnamaíocht dhinimiciúil. Níl leordheiseanna fós ag daoine atá faoi mhíchumas, ag mic léinn aosach/lánfhásta ná acu sin ar a bhfuil baic shóisialta, eacnamaíochta agus chultúrtha a bheith rannpháirteach san ardoideachas agus a lánacmhainneacht a bhaint amach. Is cuspóir ag an ÚAO é, trína Oifig Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas, na baic rannpháirtíochta atá ann i láthair na huaire a bhaint as. Is príomhpháirtithe iad na hinstitiúidí ardoideachais maidir le deimhin a dhéanamh de gur gné den chóras é comhdheis oideachais. Bonn le bonn le comhionannas rochtana tá rochtain ar an gcaighdeán is airde oideachais. Cuimsíonn sé seo, chomh maith le hacmhainní airgeadais, nuálaíocht i modhanna múinteoireachta agus obair leanúnach ar na struchtúir agus ar an gcultúr in institiúidí ardoideachais, i dtreo is gur féidir timpeallacht tacaíochta chuimsithe a bheith ann do mhic léinn. Caithfidh modúlúchán agus creat d'fhoghlaim inaistrithe creidiúint-bhunaithe a bheith ina ghnáthchleachtas, agus leordheiseanna páirtaimseartha oideachais a chumasú. Tá eochair-ról ag Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (ÚNCÉ), trína Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, (CNC), maidir le háisiú a dhéanamh ar rochtain, ar aistriú agus ar dhul chun cinn sa chóras ardoideachais. Tá plean náisiúnta rochtana á fheidhmiú faoi láthair ag an ÚAO agus tá obair ar bun do phlean nua don tréimhse 2008-13. Is í an fhís atá ann do 2013 ná go mbeidh comhionannas rochtana ina ghné bheoga agus fheiceálach den soláthar ardoideachais.

Rinne an ÚAO aighneacht leis an Tascfhórsa an Rialtais um Shaoránacht Ghníomhach. Ag an gcruinniú comhairleach bhí (ó chlé) An tUas. Michael Kelly, Cathaoirleach an ÚAO, Ms Mary Davis, Cathaoirleach, Tascfhórsa an Rialtais um Shaoránacht Ghníomhach agus an tUas. Richard Riley, Iar-Rúnaí Oideachais S.A.M.

Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Cuid lárnach den clár oibre rochtana is ea idéal na foghlama ar feadh an t-saoil rud go bhfuil Éire tiomanta dó ón mBliain Eorpach um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil in 1996. San ardoideachas, tá brí ar leith ag baint le foghlaim ar feadh an t-saoil do dhaoine fásta nach bhfuil ardcháilíochtaí acu, nó má tá nach mór an méid iad, agus gur mian leo athcheangal a dheánamh leis an gcóras oideachais. Ní féidir an scála de chéimithe ardoideachais atá á éileamh ag Éirinn d'fhonn leibhéil tosaigh scothghrádaíochta ECFE agus dul chun cinn breise sóisialta agus eacnamaíochta a bhaint amach a fháil ón daonra atá ag críochnú na scoile amháin. Tá gá le méadaithe suntasacha agus cothaithe i líon na mac léinn lánfhásta d'fhonn uas-sciliú a dhéanamh ar ár ndaonra aosach. Tá rannpháirtíocht na n-aosach san ardoideachas in Éirinn an-íseal i gcomparáid leis na caighdeáin idirnáisiúnta. Tá an Straitéis Náisiúnta um Scileanna tar éis an pointe seo a athdhearbhú. Mhol sí uas-sciliú aon leibhéal amháin oideachais a dhéanamh ar 500,000 den lucht saothair sa tréimhse go 2020. Is trí dheiseanna agus dhreasachtaí ar rannpháirtíocht pháirtaimseartha agus ardoideachais a mhéadú a bhainfear spriocanna dá leithéid amach.

Idirghabhálacha féideartha – Clár Modúlach um Chreidiúnú (CMC

Le deiseanna san oideachas páirtaimseartha a chur chun cinn, tá creat á fhorbairt i láthair na huaire ag an ÚAO do Chlár Náisiúnta Modúlach um Chreidiúnú (CMC) le huas-sciliú a dhéanamh ar dhaoine atá fostaithe. Is aidhm don chlár cead a thabhairt do dhaoine indibhidiúla modúil scoite foghlama go ndéanfar creidiúnú indibhidiúil orthu a ghlacadh. Ceadóidh sé do dhaoine leanúint lena gcuid foghlama trí mhodúil a chur leis nuair is mian leo féin é, i gcibé institiúid a roghnaíonn siad, agus na modúil sin a chur le chéile chun dámhachtain náisiúnta a chruthú.

Idirghabhálacha féideartha – Foghlaim Oscailte agus Cianfhoghlaim

Tá cineálacha cur chuige na foghlama oscailte agus na cianfhoghlama, ríomhfhoghlaim san áireamh, mar chuid de na straitéisí um chomhionannas rochtana agus foghlaim ar feadh an tsaoil a bhaint amach. Tá mórán nuálaíochtaí i réimse na múinteoireachta agus na foghlama a áisíonn solúbthacht níos fearr. Samplaí soiléire is ea na deiseanna a sholáthraíonn TFC agus ríomhfhoghlaim. Ar a shon sin, níl sa ríomhfhoghlaim ach modúil amháin, agus tá modúil eile ann chomh maith. Tá gá le dearadh náisiúnta polasaí maidir leis na foghlama oscailte agus na cianfhoghlama in Éirinn.

Eochair-aschuir

Comhionannas Rochtana agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil

- Athbhreithniú ar fheidhmiúchán an phlean náisiúnta rochtana 2005-7;
- Plean nua gníomhaíochta 2008-13 um chomhionannas rochtana a bhaint amach a fhoilsiú agus foghlaim ar feadh an t-saoil a chur chun cinn;
- Spriocanna áitiúla agus náisiúnta a leagan amach chun gur féidir le mic léinn atá

faoi mhíchumas, mic léinn aosach/lánfhásta agus iad sin ar a bhfuil baic shóisialta, eacnamaíochta agus chultúrtha a bheith rannpháirteach san ardoideachas;
- Comhairle polasaí a sholáthar ar leorthacaíocht airgeadais do mhic léinn;
- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil plean rochtana agus foghlama ar feadh an t-saoil ag gach institiúid ardoideachais atá mar chuid dílis dá n-ollstraitéis institiúide;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail um leithdháileadh deontas atréimhseacha chun gur féidir dreasacht agus tacaíocht níos fearr a thabairt do chomhionannas rochtana, foghlaim ar feadh an t-saoil agus oideachas páirtaimseartha;
- Obair leis an earnáil breisoideachais d'fhonn breisoideachas agus oiliúint a chur chun cinn mar phríomhbhealach rochtana ar an ardoideachas; agus
- Bailiú agus monatóireacht chórasach sonraí a úsáid le cistíocht leanúnach agus mhéadaithe a fháil chun comhionannas rochtana ar an ardoideachas a bhaint amach.

Clár Modúlach um Chreidiúnú (CMC)
- An Clár Modúlach um Chreidiúnú (CMC) a fhorfheidhmiú.

Foghlaim Oscailte agus Cianfhoghlaim
- Críochnófar staidéar níos fairsinge comhairle polasaí ar fhorbairt na foghlama oscailte agus na cianfhoghlama in Éirinn sa todhchaí.

4. ÉAGSÚLACHT I SOLÁTHAR DISCIPLÍNÍ

Forbhreathnú:

Ba cheart do chláir ardoideachais éilimh na mac léinn agus riachtanais náisiúnta araon a shásamh agus ba cheart d'institiúidí athbhreithniú a dhéanamh de shíor ar a gcuid clár ag tabhairt aird air seo. Ní gá gan dabht go mbeadh an chothromaíocht idir riachtanais um sholáthar agus riachtanais scileanna comhfhreagrach i gcónaí, e.g. uaireanta ní bhíonn na riachtanais meánacha go fadtéarmacha scileanna atá ag eacnamaíocht ag freagairt do na riachtanais láithreacha eacnamaíochta. Tá sé sin fíor i dtír ar nós na hÉireann, lenár straitéis náisiúnta ag dul i dtreo sochaí eolasbhunaithe, le himpleacht de shíor mhéadú ar leibhéil eolais agus scileanna i ngach saoránach, chomh maith le huas-sciliú leanúnach na ngairmeacha laistigh den eacnamaíocht.

Déanfaidh an Rialtas iarracht chomh maith, ó am go chéile, ar chúrsaí tosaíochta a chur i bhfeidhm chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil leorsholáthar scileanna ag earnálacha criticiúla na heacnamaíochta chun gur féidir leo leanúint orthu ag forbairt. Mar shampla, tá cistíocht tiomnaithe leithdháilte ag an Rialtas le háiteanna nua a chruthú sa TFC, teiripe agus sa mhíochaine. Tá sé tábhachtach go leanfadh an earnáil ar aghaidh ag sásamh na riachtanas sin sa todhchaí.

Chomh maith leis na hinstitiúidí, tá ról ag an ÚAO chomh maith in éagsúlacht soláthair a

bhainistiú mar seo a leanas:

- Deimhin a dhéanamh de go mbainfear luach an airgid amach nuair a leithdháiltear maoiniú ón státchiste, go háirithe ar réimsí ardchostais soláthair, mar ailtireacht, míochaine agus eile, agus, go háirithe, go seachnaítear dúbláil gan ghá agus go gcothaítear comharaíocht tairbheach;
- Cúnamh a thabhairt do na hinstitiúidí trí chéile lena bpleanáil straitéiseach agus, go háirithe, le hionchorprú a dhéanamh ar sholáthar chláir mar chuid den phleanáil sin; agus
- Tacú le hinstitiúidí le nua scileanna a ghiniúint mar fhreagra ar riachtanais phráinneacha.

Tá gá le creat pleanála a chur ann chun institiúidí a threorú i mbainistiú soláthair ar cláir. Ba cheart don chreat seo tacar treoirlínte a sholáthar, go mbeadh feidhm acu ar fud na hearnála ardoideachais, d'athbhreithniú tréimhsiúil na gcúrsaí atá ann cheana féin agus do chúrsaí nua a bhunú. Thabharfadh sé aitheantas don obair atá ar bun cheana féin ag institiúidí lena gcothromaíocht chlár a bhainistiú, agus chabhródh le cur chuige níos córasaí a chruthú don todhchaí. Tá cleachtadh píolótach ar bun ag an ÚAO cheana féin sa réimse seo le forbairt agus feidhmiú creata d'oideachas ailtireachta.

Eochairaschuir:

- Trí chomhairliúchán leis na páirtithe ábhartha leasmhara, próisis a bhunú agus a fheidhmiú (i gcomhar le forbairtí sa tsamhail chistiúcháin) le deimhniú go bhfuil an córas ardoideachais trí chéile, trí chomhsholáthar institiúidí ag a bhfuil fócas straitéiseach chomh maith le misin éagsúla, in ann riachtanais éagsúla sa tsochaí agus san eacnamaíocht a shásamh.

Seoladh an Tuarascáil ar Mheasúnú ar Chláir Rochtana ar an 10ú Deireadh Fómhair 2006. Ag an seoladh bhí (ó chlé) an tUas. Tom Boland, Príomhfheidhmeannach ÚAO, Ms Cynthia Deane, Údar na Tuarascála (Options Consulting), An tUas. Michael Kelly, Cathaoirleach ÚAO agus an Dr . Mary-Liz Trant, Ceannasaí, An Oifig Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas.

5

5. TÓGÁIL AN CHÓRAIS UM THAIGHDE

Forbhreathnú:

Leagann Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (SETN) 2006 - 2013 an Rialtais amach straitéis chun eacnamaíocht eolasbhunaithe a dhéanamh d'Éirinn, ag teacht le Clár Oibre Liospóin agus ag leanúint ón bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN). Is í an aidhm ná *"Go mbeidh clú agus cáil idirnáisiúnta ar Éirinn faoi 2013 as ucht a hardchaighdeán taighde, agus go mbeidh sí ar thús cadhnaíochta i leith eolas nua a ghiniúint agus a úsáid do dhul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta, laistigh de chultúr faoi thiomáint na nuálaíochta."* [5]

D'fhonn an sprioc seo a bhaint amach, is ann do dhá shnáith idircheangailte. Ar dtús, córas inbhuanaithe d'fhoirne taighde den scoth a thógáil sna disciplíní uile, agus an dara rud, líon na gcéimithe PhD a dhúbailt faoin mbliain 2013. I láthair na huaire, níl aon struchtúr gairme i bhfeidhm do thaighdeoirí, agus aithníodh gur bac é seo ar chuspóirí an SETN a bhaint amach.

Beidh eochair-ról ag an ÚAO i bhfeidhmiú an SETN trína dhé-ról mar chomhlacht polasaí agus mar chisteoir um thaighde. Cuidíonn an ÚAO, trína ról um chomhairliúchán polasaí, le hinstitiúidí ardoideachais lena bpleanáil straitéiseach, agus tacóidh sé le hinstitiúidí i bhforbairt agus i soláthar struchtúir inbhuanaithe gairme do thaighdeoirí, mar chéim ríthábhachtach chun cinn sa chéad chéim eile de thógáil na hacmhainneachta taighde.

Soláthraíonn an ÚAO mórán deiseanna cistiúcháin le háisiú a dhéanamh ar chur chuige straitéiseach do na ceisteanna atá faoi chaibidil. Tacaíonn an Ciste Straitéiseach Nuálaíochta le hinstitiúidí ardoideachais i bhforbairtí nua i réimsí le tábhacht straitéiseach. Tríd an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (CTITL), tacaíonn an ÚAO le tógáil na hacmhainneachta taighde agus le feabhas a chur ar oideachas do chéimithe san earnáil trí chéile agus le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a fhorbairt i ngach institiúid ardoideachais ar bhealach atá pleanáilte agus straitéiseach. Éilíonn an Clár go ndéanfadh na hinstitiúidí beartú tosaíochta ar na réimsí taighde agus tacaíonn sé le comharaíochtaí eatarthu rud a chuireann luach leis an hacmhainneacht náisiúnta taighde.

Tá an ÚAO ina bhall chomh maith den Ghrúpa Taighde um Ard-Oideachas (GTAO), a bunaíodh mar chuid den struchtúr feidhmiúcháin don SETN, le sainchúram ar leith forbairt a dhéanamh ar réitigh trasghníomhaireachta ar aon bhaic ar ghnóthachtáil chuspóirí an SETN. Tá roinnt grúpaí oibre bunaithe ag an GTAO, a bheidh comhdhéanta d'eochairpháirtithe leasmhara ó fhearann an ardoideachais agus an taighde. Beidh ar na grúpaí sin aghaidh a thabhairt ar shainghnéithe an SETN, mar ghairmeacha taighde, eochairtháscairí feidhmiúcháin, forbairt acmhainneachta, luach agus soiléire a bhaint amach.

5 *Rialtas na hÉireann (2006) An Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, 2006 – 2013. (lch. 21)*

Eochairaschuir:

- Cuideoidh an ÚAO le feidhmiú an SETN trí struchtúir um fheidhmiúchán an SETN, go sonrach an Grúpa Taighde um Ard-Oideachas (GTAO). Shocraigh an GTAO gairmeacha taighde, infreastruchtúr taighde agus forbairt na n-eochairtháscairí don SETN mar réimsí tosaíochta;
- Ag leanúint ar aghaidh ó "Athbhreithniú ar Infreastruchtúr Taighde in Éirinn" an ÚAO/Forfás, agus ag cur forbairtí ar infreastruchtúr sa chomhthéacs Eorpach san áireamh, leanfaidh an ÚAO air ag monatóireacht, ag measúnú agus ag tabhairt comhairle ar infreastruchtúr taighde agus ar riachtanais acmhainneachta don earnáil ardoideachais in Éirinn;
- Chomh maith le cláir thaighde a bhainistiú ar a son, cuirfidh an ÚAO comhairle ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar éabhlóidiú na n-ionstraimí um chistíocht taighde, mar an CTITL, agus Ciste na hEarnála Teicneolaíochta (CET), d'fhonn cuspóirí SETN a bhaint amach;
- Eochairchuspóir ag an SETN is ea cur chuige uile-oileáin a bheith ann d'fhorbairt na hacmhainneachta taighde agus nuálaíochta. Cuirfidh an ÚAO comhairle ar, agus oibreoidh leis, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar thionscnaimh comharaíochta thuaidh/theas; agus
- Mar chuid de na hathbhreithnithe leanúnacha ar an tionchar atá ag CTITL, agus ag cistíocht thaighde eile náisiúnta taighde, déanfaidh an ÚAO, trí chomharaíocht le páirtithe leasmhara eile, na líonraí agus na moil do ghníomhaíocht straitéiseach taighde i gcóras ardoideachais na hÉireann a mhapáil.

Sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, timthriall 4 den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú- Leibhéal ar an 3ú Lúnasa 2007. Cláir Thaighde ÚAO ag an seoladh, ar chúl (ó chlé) : An Dr . Abigail Chantler, Ms Sheena Duffy, an tUas. Tim Conlon, an Dr Gemma Irvine, Ms Olive Walsh, Ms Eileen O'Malley (absent Ms Sarah Dunne). Chun tosaigh: An tUas. Michael Kelly, Cathaoirleach ÚAO, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin agus an Dr. Eucharia Meehan, ÚAO.

5

CISTÍOCHT AGUS CUNTASACHT

Is iad na heochair-réimsí gníomhaíochta faoin tosaíocht straitéiseach seo ná:

1. Luacháil ar oll-leibhéil chistiúcháin na hearnála;
2. Leithdháileadh straitéiseach cistiúcháin;
3. Cuntasacht trí chistíocht fheidhmiúcháin; agus
4. Beartais eile cuntasachta a dhaingniú, ag áireamh beartas laistigh d'institiúidí ardoideachais

1. LUACHÁIL AR OLL-LEIBHÉIL CHISTIÚCHÁIN NA HEARNÁLA

Forbhreathnú:

Tosaíocht don ÚAO thar tréimhse an Phlean Straitéisigh is ea measúnú mionchruinn a dhéanamh ar an gcistíocht atá riachtanach don earnáil d'fhonn na cuspóirí náisiúnta a bhaint amach, agus comhairle a chur ar an Aire dá réir. Tá gá le plé níos fearr a dhéanamh ar bhonn costais na hearnála trí fhíorchostas eacnamaíoch na gclár éagsúla ardoideachais a bhaint amach, d'fhonn eolasú níos fearr a dhéanamh ar an bpolasaí um chistíocht agus infheistíocht. Ba cheart measúnú ar riachtanais cistiúcháin a stiúradh ar bhonn córasach agus é a bheith ceangailte go dlúth le timthriallta náisiúnta pleanála.

Leithdháil an PFN cistíocht shuntasach ar an earnáil ardoideachais sa tréimhse go dtí 2013. Is ar an ÚAO atá an fhreagracht monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar riachtanais na hearnála i bhfianaise na gcuspóirí náisiúnta agus cás a dhéanamh don infheistíocht atá riachtanach.

D'fhonn na leibhéil riachtanacha acmhainní a aimsiú le meaitseáil na spriocanna polasaí, caithfear institiúidí ardoideachais a spreagadh agus a thacú chun cistíocht a thiomsú ó fhoinsí neamh-státchiste, i.e. cistiúchán príobháideach agus daonchairdeas, agus tá ról ag an ÚAO maidir leis sin. Tá mórán dlínsí, Éire ina measc, ag brath a bheag nó a mhór ar ghnéithe ar leith den chóras cánachais chun daonchairdeas a chur chun cinn. In 2006 d'fhoilsigh an ÚAO tuarascáil ó ghrúpa saineolais a d'fhéach ar an gcleachtas go hidirnáisiúnta [6]. Creideann an ÚAO go bhfuil roinnt eilimintí den chleachtas idirnáisiúnta a chuirfeadh feabhas ar na gnéithe atá i bhfeidhm cheana féin in Éirinn. Leanfaimid orainn ag forbairt moltaí polasaí a thacóidh le cistiúchán príobháideach agus le daonchairdeas, mar mhodh amháin le haghaidh a thabhairt ar riachtanais infheistíochta an ardoideachais agus an córas ag oibriú i dtreo spriocanna náisiúnta polasaí a bhaint amach.

6 ÚAO (2006) Ag Tacú le hInfheistíocht san Ard-Oideachas: Tuarascáil an Ghrúpa Oibre

Eochairaschuir:

- Riachtanais acmhainneachta na hearnála a chur isteach go foirmeálta go bliantúil go dtí an Aire Oideachais agus Eolaíochta, ag cur spriocanna náisiúnta maidir le feidhmiúchán ar thus cadhnaíochta an ECFE san áireamh, agus
- Moltaí polasaí a spreagann agus a thacaíonn le foinsí neamh-státchiste cistiúcháin, mar dhaonchairdeas, a fhorbairt agus a chur chun cinn.

2. LEITHDHÁILEADH STRAITÉISEACH CISTIÚCHÁIN

Forbhreathnú:

Tá freagracht ar an ÚAO deimhin a dhéanamh de go leithdháileann sé cistiúchán státchiste go straitéiseach, go cuntasach agus go trédhearcach, chomh maith le luach an airgid a fháil. Is gá leithdháiltí cistiúcháin a dhéanamh go tráthúil ó thaobh na n-institiúidí ardoideachais agus na mac léinn de.

Tá cláir chistiúcháin á mbainisitú ag an ÚAO a chlúdaíonn réimse fairsing cuspóirí:

- Cistiúchán lárnach atréimhseach institiúide;
- Cistiúchán caipitil;
- Ciste Straitéiseach Nuálaíochta (CSN);
- Cistiúchán um chomhionannas rochtana a bhaint amach, i.e. Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn, Ciste Páirtnéireachta Mílaoise, Ciste do Mhic Léinn atá faoi Mhíchumas;
- Cistiúchán um thaighde, i.e. CTITL, Cláir Taighde Thuaidh Theas, Clár Cúnaimh na hÉireann do Chomhoibriú Straitéiseach; agus
- Cláir Eorpacha.

Bainistíonn an ÚAO na cláir cistiúcháin sin de réir na bprionsabal atá leagtha amach in Alt 4. Tá léirmhíniú ar gach ceann de na cláir cistiúcháin sonraithe in Aguisín 4.

Eochairaschuir:

Seo a leanas na heochairaschuir tosaíochtaí a bhainfear amach inár gcláir cistiúcháin thar tréimhse an Phlean Straitéisigh seo:

- Feidhmiú iomlán ar an tSamhail um Leithdháileadh Deontas Atréimhseacha (SLDA) ag cuimsiú na coigeartuithe riachtanacha;
- Ualuithe athbhreithnithe agus coigeartaithe rochtana cuimsithe sa SLDA;
- Samhail um chostáil iomlán eacnamaíochta (SCE) a fhorbairt i gcomhar le Cumann Ollscoileanna na hÉireann (COÉ);
- Samhail um leithdháileadh deontas a fhorbairt do na hinstitiúidí teicneolaíochta: Is é atá ar intinn ná samhail a dhéanann soláthar do thrédhearcacht agus do chothromas i leithdháiltí cistiúcháin a chruthú, agus a thacaíonn le cuspóirí

straitéiseacha institiúideacha agus náisiúnta chomh maith le sármhaitheas institiúideach. Dearfar an tsamhail chomh maith chun dreasachtaí a sholáthar d'institiúidí ioncam neamhstát a ghiniúint agus tabharfaidh sí aghaidh ar chuspóirí eile polasaí, mar ról na n-institiúidí i bhfoghlaim ar feadh an t-saoil agus i dtacú le forbairt áitiúil agus réigiúnach;

- Tagarmharcanna cothrom le dáta a fhorbairt maidir le samhail idirnáisiúnta um chistiúchán ardoideachais;
- Feidhmiú leanúnach agus forbairt bhreise an CSN le feabhas a chur ar an acmhainneacht, agus tacú le hathbhreithniú na hearnála ardoideachais, chomh maith le hathbhreithniú ar an méid atá an CSN ag baint amach a chuspóirí;
- Teacht ar chomhaontú, agus feidhmiú a dhéanamh, ar thacar de phróisis chineachta um bainistíocht a dhéanamh ar thionscadail chaipitil;
- Feidhmiú leanúnach agus forbairt bhreise an CTITL, agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiúchán taighde in institiúidí agus ar an méid atá an CTITL ag baint amach a chuspóirí agus ag cuidiú le cuspóirí na Straitéise Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta.

3. CUNTASACHT TRÍ CHISTIÚCHÁN FEIDHMIÚCHÁIN

Forbhreathnú:

Chun go mbeadh nasc níos fearr idir leithdháileadh cistiúcháin agus gnóthachtáil na gcuspóirí náisiúnta tá breis oibre riachtanach leis na cuspóirí náisiúnta sin a shainmhíniú agus a chur in alt a chéile. Beidh seo ina thosaíocht ag an ÚAO agus cuirfimid comhairle ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta ina thaobh. Tá molta ag an ÚAO cistiúchán a leithdháileadh i bpáirt trí thagairt do ghnóthachtáil na dtorthaí sin. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe le cinneadh a dhéanamh ar ghnóthachtáil na dtorthaí náisiúnta ag institiúidí, déanfaidh an ÚAO athbhreithniú ar phleananna straitéiseacha institiúideacha agus déanfaidh soláthar ar aiseolas go hinstitiúidí indibhidiúla, chomh maith le treoir earnála a sholáthar.

Key Outputs:

- Teacht ar chomhaontú, agus feidhmiú a dhéanamh, ar chistiúchán feidhmiúcháin le bheith ina chuid dílis den samhail cistiúcháin d'ollscoileanna ar dtús agus ina dhiaidh sin do gach institiúid eile cistithe an ÚAO;
- Feabhas tomhaiste i bhfeidhmiúchán agus i bhfreagracht institiúideach trí chistiúchán feidhmiúcháin;
- Athbhreithnithe feidhmiúcháin a stiúradh tar éis tús a chur le cistiúchán faoi Thimthriall 4 CTITL; agus
- Tuairiscíú feidhmiúcháin a dhéanamh san earnáil ardoideachais, mar chuid d'fheidhmiúchán agus d'athbhreithnithe an SETN agus an PFN.

4. BEARTAIS EILE CUNTASACHTA A DHAINGNIÚ, AG ÁIREAMH BEARTAS LAISTIGH D'INSTITIÚIDÍ ARDOIDEACHAIS

Forbhreathnú:

Tá an ÚAO go hiomlán tiomanta do neamhspleáchas institiúide agus creideann sé má tá rath le teacht ar na hinstitiúidí go mbeidh an neamhspleáchas lena mbuiséid féin a bhainistiú riachtanach dóibh. Caithfidh beartais dhochta cuntasachta a bheith ag dul leis an neamhspleáchas maidir le húsáid cistiúcháin phoiblí. Tá roinnt creataí cuntasachta ann cheana féin:

- Déanadh athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta seachtracha sa chóras ardoideachais agus bhí torthaí an-dearfacha orthu, cé gur aithníodh réimsí a bhféadfaí a fheabhsú chomh maith;
- Léiríonn staitisticí ardoideachais go bhfuil glactha ag an earnáil ardoideachais le méaduithe suntasacha i líon na mac léinn agus go dtáirgíonn sí céimithe ar gach leibhéal, céimithe a fhaigheann ardmholadh ó fhostóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta araon;
- Tá sé sonraithe i suirbhéanna ar mhic léinn atá ag dul isteach san ardoideachas go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le feabhas a chur ar chomhionannas rochtana ar an ardoideachas, e.g. tá méadú tagtha ar líon na mac léinn atá faoi mhíchumas ó 0.8% in 1998 go 2.4% in 2005; tháinig méadú ar an ráta iontrála don ghrúpa socheacnamaíoch oilte láimhe ó 32% in 1998 go c. 55% in 2004; tháinig méadú ar an ráta iontrála don grúpa socheacnamaíoch leathoilte agus neamhoilte ó 23% in 1998 go c. 37% in 2004. Tá na spriocanna atá leagtha síos i dTuarascáil an Ghrúpa Gníomhaíochta ar Rochtain ar an Ard-Oideachas (2001) bainte amach. Cé go bhfuil sé léirithe go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta, tá mórán le déanamh fós i dtreo comhionannas rochtana ar an ardoideachas a bhaint amach do gach grúpa sa t-sochaí; agus
- Táthar tagtha ar chomhaontú leis na hollscoileanna maidir le cód athbhreithnithe rialachais agus comhaontú/meabhrán airgeadais agus tá tús curtha lena bhfeidhmiúcháin. Tá sé seo ina bhonn d'obair le hinstitiúidí teicneolaíochta ar cheist an rialachais.

Is ar an ÚAO atá an fhreagracht deimhin a dhéanamh de go bhfuil na beartais chuí cuntasachta ann agus ag feidhmiú go héifeachtach. Beidh feidhmiú an chur chuige nua i dtreo cistiúcháin fheidhmiúcháin, mar atá rianaithe sa rannóg roimhe seo, ina fhorbairt shuntasach le feabhas a chur ar bheartais cuntasachta, mar beidh nasc díreach idir chistiúchán institiúideach agus straitéis institiúideach agus cuidiú le torthaí agus tosaíochtaí náisiúnta agus ceisteanna géilliúntais, e.g. tuarascálacha sonraí agus riachtanais rialachais.

Tá ról maoirseachta ag an ÚAO maidir leis na hoibleagáidí atá curtha ar na hinstitiúidí

5

ardoideachais géilleadh do gach riachtanas cuntasachta dlí agus eile an ÚAO. Thar tréimhse an phlean straitéisigh, déanfaidh an ÚAO forfheidhmiú ar bhailiú agus ar fháil ar ais faisnéise ó institiúidí rud a chabhróidh leis tomhas níos fearr a dhéanamh ar an méid de thorthaí atá á mbaint amach. Cuirfear béim ar leith ar ghéilleadh do chóid rialachais agus ar fhorbairt a dhéanamh ar chórais fheabhsaithe bailithe sonraí agus ar chur ar ais go pras na dtacar sonraí ainmnithe sa bhformáid chomhaontaithe.

Eochairaschuir:

- Lánfheidhmiú ar chód athbhreithnithe rialachais agus ar mheabhrán/ chomhaontú airgeadais in ollscoileanna; beidh seo ina bhonn d'obair le hinstitiúidí teicneolaíochta ar cheist an rialachais.
- Forbairt agus feidhmiú ar chód athbhreithnithe rialachais i gcoláistí oideachais, sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus i gColáiste San Aingeal;
- Athbhreithniú ar na creataí iasachta;
- Tuarascáil bhliantúil um chuntasacht earnála (le tuilleadh eolais a fháil féach tosaíocht straitéiseach Abhcóideachta); agus
- Géilliúntas institiúide do riachtanais sonraí.

Michael Kelly, Cathaoirleach ÚAO, Ceannasaí na gClár Taighde, an Dr Eucharia Meehan leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, ag seoladh Thimthriall 4 den TCIT.

ABHCÓIDEACHT

Tá na heochair-réimsí seo a leanas aitheanta againn le haghaidh gníomhaíochta thar tréimhse an phlean seo. Tá siad dírithe ar ár bhfreagrachtaí abhcóideachta dár n-eochairpháirtithe leasmhara a chur chun cinn – mic léinn, an Rialtas, fostóirí agus an pobal:

1. Tuarascálacha bliantúla ÚAO;
2. Tuarascáil bhliantúil um fhreagracht earnála;
3. Athbhreithnithe polasaí;
4. Caidreamh níos láidre a fhorbairt leis na páirtithe leasmhara;
5. Monatóireacht a dhéanamh ar ardoideachas i gcomhthéacs idirnáisiúnta; agus
6. Straitéis do na meáin agus don chumarsáid.

Mar bhonn agus thaca ag na heochair-réimsí gníomhaíochta sin tá an raon fairsing d'obair abhcóideachta atá ar bun ag an ÚAO ar bhonn laethúil i bhfoirm obair chomharaíochta agus abhcóideachta le comhlachtaí déanta polasaí agus le grúpaí saineolais. Ag cur méid cuíosach beag an ÚAO agus fairsinge na hearnála ardoideachais san áireamh, comhlíontar mórán d'obair abhcóideachta an ÚAO trína bheith ag obair le heagraíochtaí eile agus trí ionchur gníomhach a dhéanamh in obair na gcomhlachtaí polasaí agus na ngrúpaí saineolais. I measc na samplaí díobh sin tá an obair a dhéanaimid leis an nGrúpa Saineolais ar Riachtanais Scileanna an Todhchaí, an Grúpa um Chomhairliúchán Fiontar, an tÚdarás Iomaíochta, an Coiste Idir-Rannach don SETN, an Grúpa Taighde Ard-Oideachais, an UFT (an tÚdarás Forbartha Tionscail) agus an FEÉ (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), etc. Leanfaidh an ÚAO air go réamhghníomhach i ndéanamh an ionchuir seo i rith tréimhse an Phlean Straitéisigh.

1. TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA ÚAO

Forbhreathnú:

Eochaireilimint a bheidh lenár n-obair fhoriomlán abhcóideachta ná soláthar níos fearr a dhéanamh ar thrédhearcacht agus ar shoiléire maidir leis an obair atá ar bun ag an ÚAO. Bainfear é seo amach trí thuarascálacha um dhul chun cinn a tháirgeadh agus a fhoilsiú go tráthúil ar bhonn bliantúil.

Eochairaschuir:

Foilseachán na dtuarascála bliantúla ag cuimsiú:

- Eochairfhorbairtí polasaí;
- Achoimre ar aschuir an ÚAO mar a bhaineann siad leis an bplean bliantúil;
- Achoimre staitistiúil
- Tuarascáil airgeadais agus cuntais bhliantúla; agus
- Ráiteas rialachais

5

2. TUARASCÁIL BHLIANTÚIL UM CHUNTASACHT EARNÁLA

Forbhreathnú:

Soláthróidh an ÚAO tuarascáil ar an earnáil ardoideachais ar bhonn bliantúil. Beidh sé mar aidhm leis an tuarascáil seo soláthar a dhéanamh ar thráchtaireacht ar fheidhmiúchán na hearnála ardoideachais trí thagairt do raon d'eochairtháscairí comhaontaithe feidhmiúcháin. Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus foilseofar í. Is ráiteas poiblí ar na torthaí atá bainte amach ag an earnáil ardoideachais a bheidh ann, mar thoradh ar an infheistíocht phoiblí a déanadh san earnáil.

Is beart cuntasachta don earnáil atá i gceist leis an tuarascáil bhliantúil earnála seo. Díreoidh sí ar thorthaí na hearnála agus ba cheart go ndéanfadh sí soláthar ar bhonn le measúnú a dhéanamh ar an gcuidiú atá á dhéanamh ag an earnáil, agus chomh maith céanna, bonn daingean a sholáthar ar ar féidir cinntí níos eolasaithe a dhéanamh maidir le leithdháileadh na n-acmhainní sa todhchaí.

Eochairaschuir:

- Tuarascáil bhliantúil earnála a sholáthar a leagann amach feidhmiúchán na hearnála ardoideachais agus taighde.

3. ATHBHREITHNITHE POLASAÍ

Forbhreathnú:

Cuirfidh an ÚAO le rathúlacht na dtuarascálacha anailíseacha is déanaí de chuid an ÚAO (e.g. Forbhreathnú na nIarratas agus na nGlacthaí ar an Ardoideachas, 2006; Fíricí agus Figiúirí 2004/05 an ÚAO) trí na tacairshonraí uile atá ar fáil a úsáid, agus go háirithe uirlis bailithe sonraí an ÚAO féin (córas taifead na mac léinn), le tuarascálacha anailíseacha rialta a tháirgeadh ar thopaicí ina mbeadh speis ar leith ag déantóirí polasaí agus ag an bpobal trí chéile.

Eochairaschuir:

- Úsáidfidh an ÚAO na tacairshonraí atá ar fáil dó le tuarascálacha ábhartha anailíse polasaí a tháirgeadh; agus
- Córais stóinsithe bailithe sonraí gur féidir a oiriúnú agus a athrú de réir mar a eascraíonn riachtanais faisnéise.

4. CAIDREAMH NÍOS LÁIDRE A FHORBAIRT LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA

Forbhreathnú:

Is gníomhaíocht thábhachtach don ÚAO í líonraí éifeachtacha agus caidreamh oibre a fhorbairt agus a chothabháil le páirtithe leasmhara san ardoideachas agus sa taighde. Bhí an cleachtas comhairliúcháin ar glacadh leis mar chuid d'fhorbairt an phlean straitéisigh seo an-rathúil maidir le heolasú a dhéanamh ar ár léirthuiscint ar eochaircheisteanna atá os comhair na hearnála.

Eochair-chaidreamh gan amhras is ea an ceann atá ann leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus a Roinn. Is cuspóir dúinn deimhin a dhéanamh de go n-oibrímid le chéile, go comhleanúnach agus go sineirgeach d'fhonn an tairbhe is mó a thabhairt don earnáil ardoideachais agus taighde.

Tá athrú ó bhonn tagtha ar thírdhreach taighde na hÉireann le deich mbliana anuas, agus bhí ról lárnach ag an CTITL san athrú seo. Tá pointe sroichte anois againn go bhfuil straitéis náisiúnta taighde seolta, atá ag déanamh infheistíochta suntasach i dtaighde agus ár gcumasú chun ár dtiomantais faoi Chlár Oibre Liospóin a bhaint amach. Tá ról tábhachtach ag an ÚAO sna struchtúir náisiúnta a bunaíodh chun tacú le feidhmiúchán an SETN, chomh maith le cuidiú mar bhall den rúnaíocht don Choiste Idir-Rannach, mar bhreathnóir ag Teicneolaíocht Éireann agus mar bhall den Ghrúpa Taighde um Ard-Oideachas (GTAO).

Tá roinnt gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí ann atá rannpháirteach san ardoideachas agus sa taighde. Tosaíocht don ÚAO thar tréimhse an phlean straitéisigh seo is ea comharaíocht agus comhordú idirghníomhaireachta a dhaingniú i leith seachadadh na spriocanna atá sonraithe SETN, agus deimhin a dhéanamh de go nglacann gach gníomhaireacht le dearcadh níos fairsinge oideachais a fhanfaidh i gcroílár an chóras taighde atá á thógáil anois.

Tá sé i gceist ag an ÚAO grúpa comhairliúcháin a thionól laistigh den earnáil ardoideachais, grúpa comhdhéanta díobh sin atá ag obair i réimsí polasaí-ghaolmhara. Tiocfaidh an grúpa seo le chéile go bliantúil ar bhonn foirmeálta, ach beidh siad ar fáil chomh maith le feabhas a chur ar chomhordú agus ar chomh-rannpháirtíocht sna heochairdhúshláin ar bhonn leanúnach. Cé go mbeidh an grúpa seo faoi chinnireacht na hearnála ardoideachais, tá sé i gceist go gcuimseoidh a bhallraíocht páirtithe leasmhara ó ar fud an chóras oideachais. Deimhneoidh seo go dtabharfar aghaidh ar gach ceist ó chomhdhearcadh na n-earnálacha uile oideachais.

Eochairaschuir:

- Caidrimh éifeachtach oibre agus próisis éifeachtacha comhairliúcháin a bheith i bhfeidhm le raon de pháirtithe leasmhara san earnáil ardoideachais agus taighde go ginearálta; agus

5

- Cruinniú tionscnaimh den ghrúpa comhairliúcháin ardoideachais a thionól chomh maith le cruinnithe ina dhiaidh sin.

5. MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR ARDOIDEACHAS I GCOMHTHÉACS IDIRNÁISIÚNTA

Forbhreathnú:

Cuimsíonn ról abhcóideachta agus comhairle polasaí an ÚAO feidhmiúchán earnáil ardoideachais na hÉireann a chur i gcomhthéacs uile-oileáin agus idirnáisiúnta. Trí mhonatóireacht agus anailís ghníomhach a dhéanamh ar thaithí tíortha eile is féidir ceachtanna ríthábhachtacha agus léargais ríthábhachtacha polasaí a fháil.

Le blianta beaga anuas, trí obair an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an ÚAO, tá Éire rannpháirteach go gníomhach in iarrachtaí rathúla idirnáisiúnta le feabhas a chur ar réimse, ar chaighdeán agus ar chomparáideacht na dtáscairí idirnáisiúnta ardoideachais. Soláthraíonn an obair seo bonn daingean ar ar féidir tagarmharcáil a dhéanamh ar ardoideachas na hÉireann i gcomhthéacs idirnáisiúnta.

Tá an ÚAO tar éis roinnt Clár Taighde Thuaidh Theas a bhainistiú ag áireamh an Chláir Thuaidh Theas do Thaighde Comharaíochta agus an Clár Trasteorann do Thaighde agus d'Oideachas a chuidíonn le Síocháin agus le hAthmhuintearas. Tá an ÚAO gníomhach chomh maith i raon fóram idirnáisiúnta polasaí a bhaineann le polasaí ardoideachais, mar shampla, an ECFE, an IMHE agus líonraí Eorpacha. Tá ionadaíocht againn ar an gciste náisiúnta um fheidhmiú Chomhaontú Bologna. Tá ról cinnireachta á ghlacadh ag an ÚAO chomh maith i dtacú leis an ECFE/IMHE i bhforbairt Tairsí Polasaí Idirnáisiúnta Ard-Oideachais (TPIAO).

Cheiliúir an ÚAO 20 bliain na gClár Erasmus i dTeach Farmleigh ar an 24 Lúnasa, 2007 agus an tUachtarán Máire mhic Giolla Íosa i láthair le is an Uas . Tom Boland, Príomhfheidhmeannach agus an tUas. Gearóid Ó Súilleabháin, Ceannasaí na gClár Eorpacha.

5

Is é an ÚAO an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Ghníomhaíocht Erasmus an Chláir Gníomhaíochta AE um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil 2007 – 2013. Is í aidhm Erasmus ná feabhas a chur ar chaighdeán an ardoideachais agus a dhiminsean Eorpach a neartú. Is é an ÚAO an Struchtúr Náisiúnta do Chlár Erasmus Mundus, chomh maith le bheith ina phointe teagmhála do Tempus.

I bhfearann an taighde agus na forbartha, is é an ÚAO an pointe náisiúnta teagmhála agus an toscaire d'infreastruchtúir thaighde faoin FP7 agus tá sé ina thoscaire náisiúnta d'Fhóram Straitéiseach na hEorpa d'Infreastruchtúir Thaighde.

In 2005, bhunaigh an ÚAO agus George Mason University, Virginia (GMU) an Eagraíocht Éireannach Meiriceánach um Thaighde Ard-Oideachais (EÉMTAO). Is aidhm do EÉMTAO soláthar a dhéanamh ar mheán inar féidir iniúchadh a dhéanamh, trí thaighde, fhoilseacháin agus chomhdhálacha, ar dhúshláin san earnáil ardoideachais in Éirinn agus i Meiriceá araon. I measc na n-eochairthosaíochtaí a aithníodh le hiniúchadh breise a dhéanamh orthu tá cur chuige cistiúcháin um ardoideachas; tiomsú príobháideach airgid; tráchtálú a dhéanamh ar thaighde agus rialachas agus ar bhainistiú na n-institiúidí ardoideachais.

Leanfaimid orainn lenár rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóraim Eorpacha agus i bhfóraim eile idirnáisiúnta agus cuideoimid, mar is cuí, chun comhaontuithe agus tuiscintí idirnáisiúnta comhoibriúcháin a fheidhmiú i réimse an ardoideachais.

Chomh maith le buntáistí ár gcuid oibre idirnáisiúnta do thagarmharcáil, d'forbairt polasaí agus don chleachtas is fearr a mhalartú, tá buntáistí eile tábhachtacha ann. Mar shampla, táimid ag brath ar shaineolas idirnáisiúnta chun deimhin a dhéanamh d'oibiachtúlacht nuair atá measúnú á dhéanamh ar mholtaí cistíochta ó institiúidí faoi chláir mar an Ciste Straitéiseach Nuálaíochta (CSN) agus an Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (CTITL).

Clár Eorpach an ÚAO ag ceiliúradh 20 bliain na gClár Erasmus. Ar chúl (ó chlé) Mr Tom Boland, Príomhfheidhmeannach ÚAO, Ms Mary Dunne, an tUas Gearóid Ó Súilleabháin. Chun tosaigh (ó chlé) An tUas. Graham Barry, Ms Eileen O'Connell, an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa, Mary Kelly, Leas-Phríomhfheidhmeannach ÚAO agus Ms Mary May.

5

Eochairaschuir:

- Foilseachán bliantúil ag soláthar faisnéisiú ar fheidhmiúchán comparáideach ardoideachais na hÉireann;
- Leanúint le hobair i bhforbairt polasaí uile-oileáin agus idirnáisiúnta agus i líonraí taighde; agus
- Rannpháirtíocht iomlán sa TPIAO, a d'fhorbair an ECFE/IMHE.

Cuairt Aire Oideachais na hAfraice Theas ar an ÚAO 16 Samhain 2006. Ar chúl (ó chlé) an tUas Tim Conlon, an Dr. Mary-Liz Trant, an tUas Muiris O'Connor, an tOll. Duma Molaga, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Ardoideachais, an Afraic Theas, An Dr. Barney Pityana, Leas-Seansailéir UNISA agus Cathaoirleach ar Ardoideachas, an Afraic Theas, Ms Caitríona Ryan, Chun Tosaigh (ó chlé) an Dr. Molaga Qhobela, Príomhstiúrthóir, Polasaí Ardoideachais, an Roinn Oideachais, An Afraic Theas, An tUas. Michael Kelly, Cathaoirleach ÚAO.

6. STRAITÉIS DO NA MEÁIN AGUS DON CHUMARSÁID

Forbhreathnú:

Déanfaimid straitéisí follasacha abhcóideachta a réadtiomnú do thréimhse an Phlean Straitéisigh seo. Mar atá pléite cheana féin (alt 4), tá freagrachtaí abhcóideachta orainn i leith raon d'eochairpháirtithe leasmhara – mic léinn, an Rialtas, fostóirí agus an pobal. Cé go bhfuil sé sin intuigthe inár gcur chuige don chumarsáid go dtí seo, tá sé i gceist againn cur chuige níos soiléire agus níos déine a ghlacadh.

Eochairaschuir:

- Feidhmiú a dhéanamh ar straitéis nua cumarsáide atá comhsheasmhach leis na cuspóirí abhcóideachta atá leagtha síos sa phlean straitéiseach seo agus sin le táscairí feidhmiúcháin atá soiléir agus intomhaiste.

Rannán 6

Feidhmiú

6

Leagann an t-alt seo síos ár gcur chuige um bainistiú agus monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh ár dtosaíochtaí straitéiseacha thar saolré an Phlean Straitéisigh seo. Déanfar bainistiú ar fheidhmiúchán i dtrí eochair-réimse:

- Tomhas feidhmiúcháin;
- Deimhin a dhéanamh d'acmhainneacht ÚAO; agus
- Rioscaí féideartha don bhfeidhmiúchán a bhainistiú.

1. TOMHAS FEIDHMIÚCHÁIN

Tá roinnt eochaircheisteanna aitheanta againn faoi gach ceann dár dtosaíochtaí straitéiseacha sa Phlean Straitéiseach seo. Déanfaimid monatóireacht ar fheidhmiúchán an Phlean Straitéisigh seo ag úsáid na haschuir sin mar shlata tomhais feidhmiúcháin agus dul chun cinn. Úsáidfimid pleananna inmheánacha oibre a aithneoidh agus a leagfaidh síos freagracht chinnireachta do na tascanna agus na creataí gaolmhara ama um ghnóthachtáil na n-aschur sin.

Cuimseoidh an tuarascáil bhliantúil um chuntasacht earnála alt a dhéanfaidh measúnú ar fheidhmiúchán an ÚAO i bhfrithshuíomh leis na haschuir a aithnítear sa Phlean Straitéiseach seo.

Táimid tiomanta chomh maith do choimisiúnú a dhéanamh ar athbhreithniú seachtrach, neamhspleách sa bhliain deiridh de thréimhse an Phlean Straitéisigh. Is aidhm don athbhreithniú seo measúnú agus tuarascáil oibiachtúil a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar bhaint amach cuspóirí an Phlean seo.

2. DEIMHIN A DHÉANAMH D'ACMHAINNEACHT ÚAO

Beimid rannpháirteach i roinnt tascanna atá dírithe ar dheimhin a dhéanamh de gur leor acmhainneacht Fheidhmeannachta an ÚAO chun na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí a aithníodh a sheachadadh.

Déanaimid monatóireacht agus measúnú, ar bhonn leanúnach thar tréimhse an Phlean Straitéiseach seo, ar na hacmhainní (daonna agus airgeadais araon) atá ar fáil don ÚAO chun a chuid gnó a stiúradh. Tá ról casta agus éagsúil á ghlacadh ag an ardoideachas agus tá sé ríthábhachtach go mbeidh na hacmhainní ag an ÚAO a chumasaíonn é le lántacaíocht a thabhairt don earnáil.

Acmhainneacht Acmhainní Daonna

- Méadóimid an úsáid a bhainimid as ár n-acmhainní daonna trí pholasaí réamhghníomhach agus éifeachtach acmhainní daonna a fheidhmiú. Clúdóidh an polasaí seo, ceisteanna a bhaineann le hacmhainní daonna, ina measc:
    - Earcaíocht agus roghnúchán;
    - Oiliúint agus forbairt foirne;
    - Foghlaim tras-rannóige; agus
    - Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (CBFF);

- Déanfaimid athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar eagrú na n-acmhainní foirne chun deimhin a dhéanamh de bharrsheachadadh don ÚAO. Déanfaimid athbhreithniú ar ár gcur chuige do leithdháileadh foirne ar bhonn leanúnach agus déanfaimid deimhin de go mbeidh leithdháiltí foirne dírithe ar thosaíochtaí straitéiseacha an ÚAO a bhaint amach. Déanfaimid iarracht chomh maith ar réimsí freagrachta atá in oiriúint do scileanna agus d'inniúlachtaí bhall na foirne a leithdháileadh orthu;
- Déanfaimid athbhreithniú go rialta ar mhéid ár n-acmhainní foirne ag tabhairt aird ar ár gclár oibre.. Tá ÚAO tar éis glacadh le raon de ghníomhaíochtaí nua le blianta beaga anuas, mar shampla, an Ciste Straitéiseach Nuálaíochta, feidhmiú ar chistiúchán feidhmiúcháin, clár Cúnamh Éireann, freagrachtaí nua maidir le bailiúcháin staitistiúla agus bainistiú na ngclár PFN. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh infheistíocht níos láidre poiblí san earnáil chomh maith le hacmhainneacht níos láidre chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag infheistíochtaí dá leithéid mar threoir thábhachtach do dhéanamh cinntí sa todhchaí; agus
- Stiúrfaimid iniúchadh ar riachtanais oiliúna laistigh d'Fheidhmeannacht an ÚAO chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an oiliúint chuí ar an fhoireann chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oibre an ÚAO. Táimid tiomanta do phlean oiliúna a fheidhmiú chun deimhin a dhéanamh de go bhfreastalaítear ar riachtanais dá leithéid.

Timpeallacht Oibre agus Áiseanna Oibre

- Déanfaimid deimhin de go n-oibríonn an fhoireann atá san ÚAO i dtimpeallacht a thacaíonn leo go pearsanta agus go proifisiúnta, a chuireann éagsúlacht chun cinn, a thacaíonn le fiosrúcháin agus a thugann cluas do thuairimí neamhspleácha. Táimid tiomanta do pholasaithe oibre atá teaghlach-chairdiúil a fheidhmiú; agus
- Soláthróimid timpeallacht thaitneamhach, fhisiciúil agus na hacmhainní riachtanacha, ag áireamh acmhainní teicneolaíochta faisnéise, atá riachtanach d'oibriú éifeachtach.

Creat um Bainistíocht Riosca

Beidh bainistíocht riosca ríthábhachtach ó thaobh gnóthachtáil spriocanna straitéiseacha agus feidhmiúcháin an ÚAO. Is aidhm do chreat um bainistíocht riosca an ÚAO deimhin a dhéanamh de go bhfuil feasacht fhorleathan laistigh den eagraíocht maidir leis an ngá atá le rioscaí go gcaithfidh an eagraíocht aghaidh a thabhairt orthu a aithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a thuairisciú agus tá sé mar chuid lárnach de chórais rialuithe inmheánacha an ÚAO.

Athbhreithniú ar an ÚAO

Thar tréimhse an Phlean Straitéisigh seo, tá an ÚAO tiomanta do dhul faoi phróiseas neamhspleách, seachtrach, athbhreithnithe. Is aidhm don athbhreithniú seo measúnú a dhéanamh ar fheidhmiúchán, struchtúr agus eagrúchán an ÚAO i gcomhthéacs na timpeallachta athraithe polasaí ina bhfeidhmíonn sé.

3. RIOSCAÍ FÉIDEARTHA DON BHFEIDHMIÚCHÁN

Tá spriocanna sonraithe an Rialtais don chóras ardoideachais agus taighde dúshlánach agus beidh ar an ÚAO na chuspóirí uile atá sonraithe sa Phlean Straitéiseach seo a bhaint amach go hiomlán má táthar chun na spriocanna sin a bhaint amach. Chomh maith leis sin, beidh gnóthachtáil na gcuspóirí sin ag brath ar ghníomhaíochtaí agus ar chinntí daoine eile, an Rialtas féin san áireamh. Seo a leanas dar linn na príomhrioscaí féideartha atá ann maidir le gnóthachtáil ratha.

- Tá gnóthachtáil na gcuspóirí atá leagtha síos don ÚAO agus don earnáil ardoideachais agus taighde ag brath go han-mhór ar leibhéil chomhréir acmhainní a bheith á gcur ar fáil don earnáil. Cé go bhfuil leibhéal na hinfheistíochta suntasach, tá gá le mór-infheistíocht bhreise leanúnach.
- Tá úsáid éifeachtach na n-achmainní thar a bheith cinntitheach ó thaobh ratha de agus cé go bhfuil an ÚAO lántiomanta d'uasúsáid na n-acmhainní a leithdháiltear ar an earnáil chun an leibhéal is airde feidhmiúcháin a bhaint amach, tá cuid den bhfreagracht chomh maith ar bhainistíochta institiúideacha;
- Tá an ÚAO ina chuid de chlár díláraithe na seirbhíse poiblí an Rialtais. D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí sealadacha i gceist ag feidhmiú an chláir d'acmhainneacht an ÚAO (de thoradh caillteanas i saineolas agus taithí reatha) rud a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar ollseachadadh an Phlean Straitéisigh seo. Tá an ÚAO tiomanta d'íoslaghdú a dhéanamh ar rioscaí dá leithéid agus deimhin a dhéanamh de thrasdul éifeachtach agus foirfe; agus
- Tá acmhainneacht an ÚAO seachadadh a dhéanamh ar na h-éilimh éagsúla a dhéantar air ag brath ar leibhéal cuí acmhainnithe (airgeadas, daonna agus fisiciúil) a bheith ar fáil do.
- Beidh gá le cur chuige comharaíochta ar roinnt leibhéal chun na cuspóirí atá leagtha síos don ardoideachas agus do thaighde a bhaint amach, ach go háirithe idir chomhlachtaí poiblí atá rannpháirteach san earnáil agus laistigh de agus idir institiúidí. Cé go bhfuil forbairtí suntasacha agus dearfacha ann sa chomharaíocht le tamall anuas, caithfear é seo a dhaingniú agus a fhairsingiú. Óna thaobh féin de, tá an ÚAO tiomanta d'oibriú go cuiditheach le gach gníomhaireacht ábhartha.

Ba cheart don chóras ardoideachais agus taighde a bheith dírithe go príomha ar thaithí oideachais ardchaighdeáin a sholáthar do dhaoine agus sin a dhéanamh i raon fairsing disciplíní. Tá daoine áirithe den tuairim gur inneall do mhéadú eacnamaíochta an córas ardoideachais agus taighde go príomha. Níl na cuspóirí neamhchontrártha lena chéile ach mura mbíonn cothromaíocht eatarthu tá an baol ann nach mbeidh acmhainneacht an chórais éifeachtach.

6

Seimineár Comhairliúcháin ar Phlean Straitéiseach an ÚAO

Ó Chlé: An tUas. Art Hauptman, Comhairleoir Neamhspleách, Ms Jane Williams, Áisitheoir, Grúpa SIA, An tUas. Jon File, Ionad Staidéar um Polasaí Ardoideachais, An tUas. Tom Boland, Príomhfheidhmeannach ÚAO, Ms Caitríona Ryan, Ceannasaí Polasaí agus Pleanála ÚAO.

An tUas. Tom Boland, Príomhfheidhmeanach ÚAO, ag labhairt leis na rannpháirtithe ag an Seimineár Comhairliúcháin ar Phlean Straitéiseach an ÚAO, 25ú Deireadh Fomhair 2006.

An tUas. Jon File ag labhairt leis na rannpháirtithe ag an Seimineár Comhairliúcháin ar Phlean Straitéiseach an ÚAO, 25ú Deireadh Fomhair 2006.

Rannpháirtithe ag Seimineár Comhairliúcháin um Plean Straitéiseach ÚAO 25ú Deireadh Fómhair 2006.

An tUas. Art Hauptman ag labhair leis na rannpháirtithe ag Seimineár Comhairliúcháin um Plean Straitéiseach ÚAO 25ú Deireadh Fómhair 2006.

Rannpháirtithe ag Seimineár Comhairliúcháin um Plean Straitéiseach ÚAO 25ú Deireadh Fómhair 2006.

Aguisín 1
Tagarmharcanna Grádaíochta ECFE[7]

Ardteastas/Gnáthchéim			Céim Onóracha			Ardchéim Taighde		
Rank	Country	Rate	Rank	Country	Rate	Rank	Country	Rate
1	An tSeapáin	27	1	An Astráil	59.4	1	An Eilvéis	3.1
2	**Éire**	**23.6**	2	An Íoslainn	56.3	2	An Phortaingéil	2.6
3	An Nua-Shéalainn	21.2	3	An Nua-Shéalainn	51.3	3	An Ghearmáin	2.4
4	An Ríocht Aontaithe	17.4	4	An Fhionlainn	47.3	4	An tSualainn	2.2
5	An Spáinn	17.2	5	An Danmhairg	45.5	5	An Fhionlainn	2
6	An Ghréig	12.2	6	An Pholainn	45.1	6	An Ríocht Aontaithe	2
7	An Ghearmáin	10.7	7	An Ísiltír	42.1	7	An Ostair	2
8	An Danmhairg	10.1	8	An Iodáil	41	8	An Astráil	1.7
9	Na Stáit Aontaithe	9.9	9	An Iorua	40.7	9	An Ísiltír	1.5
10	An Phortaingéil	8.6	10	An Ríocht Aontaithe	39.4	10	Na Stáit Aontaithe	1.3
11	An Eilvéis	7.8	11	Éire	38.2	11	Poblacht na Slóvaice	1.3
12	An Ostair	7.6	12	An tSualainn	37.7	12	An Iorua	1.2
13	Poblacht na Seice	5.7	13	An Ungáir	36.2	13	An Danmhairg	1.2
14	An tSualainn	4.5	14	An tSeapáin	36.1	14	An Bheilg	1.2
15	An Ungáir	3.7	15	Na Stáit Aontaithe	34.2	15	Éire	1.2
16	An Íoslainn	3.5	16	An Spáinn	32.7	16	Poblacht na Seice	1.2
17	Poblacht na Slóvaice	2.3	17	An Phortaingéil	32.3	17	An Nua-Shéalainn	1.1
18	An Iorua	1.7	18	Poblacht na Slóvaice	30.1	18	An Chóiré	1.1
19	An Fhionlainn	0.2	19	An Eilvéis	27.4	19	An Iodáil	1
20	An Pholainn	0.1	20	An Ghréig	24.9	20	An Spáinn	1
			21	Poblacht na Seice	24.9	21	An Pholainn	0.9
			22	An Ostair	20.4	22	An tSeapáin	0.9
			23	An Ghearmáin	19.9	23	An Ungáir	0.7
			24	An Tuirc	11.2	24	An Ghréig	0.7
						25	An Íoslainn	0.3
						26	An Tuirc	0.2
						27	Meicsiceo	0.1
Suíomh na hÉireann		2ú	Suíomh na hÉireann		11ú	Suíomh na hÉireann		15ú

[7] *Foinse: Sracfhéachaint ar an Oideachas, Táscairí Oideachais ECFE 2007 (baineann na sonraí leis an mbliain 2005)*

Aguisín 2
Feidhmeanna Reachtúla an ÚAO

Is comhlacht reachtúil an ÚAO a bunaíodh faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971. Seo a leanas príomhfheidhmeanna an ÚAO de bhun Acht 1971:

- Forbairt bhreise a dhéanamh ar an ardoideachas.
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éilimh agus ar riachtanais an ardoideachais.
- Cúnamh a thabhairt i gcomhordú infheistíochta stáit san ardoideachas agus moltaí a réiteach d'infheistíocht dá leithéid.
- Na deontais a d'aontaigh an tOireachtas leo a leithdháileadh ar ollscoileanna agus ar institiúidí sainithe.
- Gnóthachtáil chomhionannas deise san ardoideachas agus daonlathú an ardoideachais a chur chun cinn.

Leithdháileadh roinnt feidhmeanna breise ar an ÚAO faoi Acht na nOllscoileanna, 1997 agus faoin Acht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006, ag áireamh na míreanna seo a leanas:

- Athbhreithniú ar phleananna forbartha straitéiseacha ollscoile.
- Athbhreithniú ar phróisis dearbhaithe cáilíochta ollscoile.
- Athbhreithniú ar pholasaithe ollscoile um dheiseanna comhionannais agus a bhfeidhmiú, .
- Gnóthachtáil agus cothabháil na sármhaitheasa sa bhfoghlaim, sa mhúinteoireacht agus sa taighde san ardoideachas a chur chun cinn.

De réir an Achta um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006, beidh ar an ÚAO, is a fheidhmeanna á chomhlíonadh aige, aird a thabhairt ar na spriocanna náisiúnta atá ann uasmhéadú a dhéanamh ar an gcuidiú a thugann an t-ardoideachas do dhul chun cinn sóisialta agus eacnamaíochta, an Ghaeilge a athshlánú agus an cultúr náisiúnta a chaomhnú, agus go ndéanfaí gach iarracht ar ghnóthachtáil na spriocanna sin a chur chun cinn.

Aguisín 3
Gnóthachtálacha agus Dúshláin

RÉAMHRÁ

Is aidhm don Aguisín seo forbhreathnú ar ardleibhéal de ghnóthachtálacha san earnáil ardoideachais agus taighde le déanaí a chur i láthair agus eochairdhúshláin do na blianta atá romhainn a aithint.

FAIRSINGIÚ LEANÚNACH NA NDEISEANNA ARDOIDEACHAIS

Tá an fairsingiú ar ardoideachas na hÉireann ag leanúint ar aghaidh le blianta beaga anuas agus tá méadú comhsheasmhach ag teacht air, rud a d'ardaigh an ráta iontrála ar an ardoideachas ó 44% in 1998 go 55% in 2004 [8]. Tá an méadú ginearálta rannpháirtíochta seo treisithe ag méaduithe suntasacha rannpháirtíochta ag mórán grúpaí ag a mbíodh leibhéil an-íseal rannpháirtíochta go traidisiúnta, e.g. mic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste agus mic léinn faoi mhíchumas.

Ainneoin go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta, tá mórán oibre le déanamh fós i réimse an chomhionannais rochtana ar an ardoideachas a bhaint amach.

Tá an t-éileamh eacnamaíochta do chéimithe oilte ag méadú chomh maith agus tá an gá atá le fairsingiú leanúnach an ardoideachais sonraithe go soiléir sa Straitéis Náisiúnta Scileanna, straitéis gurb aidhm di ráta iontrála de 72% a bhaint amach faoi 2020. Aithnítear chomh maith an tábhacht a bhaineann leis an ardoideachas d'iomaíocht eacnamaíochta le spriocanna an Ghrúpa Straitéiseach Fiontar stádas cinnireachta san ECFE a bhaint amach i dtéarmaí aschur céimithe.

Beidh gá le dul chun cinn suntasach ar chlár oibre na foghlama ar feadh an tsaoil má tá fairsingiú leanúnach an ardoideachais le dul ar aghaidh. Deir sa Straitéis Náisiúnta Scileanna *"Is cúis imní é an ráta cuíosach íseal rannpháirtíochta atá ag Éirinn sa bhfoghlaim leanúnach"* [9]. Is eochairdhúshlán d'Éirinn é, sa tréimhse atá romhainn, feabhas a chur ar ghnóthachtáil oideachais an lucht saothair atá ann cheana féin trí sholáthar a dhéanamh ar dheiseanna bríocha oideachais ar feadh an tsaoil.

ATHRÚ AR THÍRDHREACH AN TAIGHDE

De thoradh infheistíochtaí infreastruchtúra agus forbairtí straitéiseacha sa taighde tá athrú tagtha ar thírdhreach an taighde in ardoideachas na hÉireann le blianta beaga anuas. Tháinig méadú de 107% nach mór ar chaiteachas ardoideachais ar T&F (TFAO) idir 2000 agus 2004; sa tréimhse céanna tháinig méadú ar TFAO mar chéatadán den OTN (Olltáirgeacht Náisiúnta) ó 0.27% go 0.40%. Tá fairsingiú suntasach déanta ar an

8 Baineann an ráta rannpháirtíochta le hiomlán na n-iontrálaithe nua san ardoideachas mar sciar den daonra ag meánaois na hiontrála san ardoideachas (17-19 bliain d'aois i gcás na hÉireann).

9 Grúpa Saineolais ar Riachtanais Scileanna an Todhchaí (2007) Scileanna do Lá Amárach: I dTreo Straitéis Náisiúnta Scileanna. (lch. 6)

infreastruchtúr taighde, ag áireamh 97,000m2 de spás taighde, 24 ionad nua taighde agus 4,600 spás úsáideora a chruthú, agus déanadh sin ar fad indéanta tríd an CTITL.

Tá áisiú déanta ag an CTITL ar straitéisí institiúide taighde a thionscain agus tá spreagadh déanta aige ar speisialtóireacht i réimsí ar leith, agus chomh maith ar chomharaíocht straitéiseach idir institiúidí. Is féidir a bheith ag súil le comhtháthú breise i rith an SETN, rud atá tar éis tiomantas an Rialtas d'infheistíocht mharthanach, shuntasach agus leanúnach i dtaighde agus i bhforbairt a léiriú. Tháinig méadú de nach mór de 13% ar bhronntaí PhD idir 2003 agus 2005. Is eochairsprioc den SETN é dúbailt na gcéimithe PhD a bhaint amach roimh 2013. I measc na n-eochairdhúshláin atá ann don todhchaí tá deimhin a dhéanamh de go mbeidh feabhsuithe ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim laistigh d'institiúidí ardoideachais de thoradh an fhócais athnuaite ar thaighde chomh maith le leibhéil níos mó tráchtálaíochta a bhaint amach sna haschuir taighde.

CAIGHDEÁN AGUS ÁBHARTHACHT ARDOIDEACHAS NA HÉIREANN

Tá an earnáil ardoideachais tar éis a hábharthacht a léiriú d'eacnamaíocht na hÉireann trí chéimithe ar a bhfuil éileamh ag fostóirí a tháirgeadh go seasta agus chomh maith trí athrú de réir riachtanais scileanna a thagann chun cinn, e.g. riachtanais scileanna i dteiripe míochaine. Is gné den earnáil an cultúr dearbhaithe cáilíochta atá aici. D'áisigh Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann (BCOÉ) agus Comhairle na nDámhachtainí Ard-Oideachais agus Oiliúna (HETAC) forbairt an chultúir seo. Chomh maith leis na feidhmeanna eile atá acu, déanann an ÚAO agus an ÚNCÉ (Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann) forbhreathnú ar fheidhmeanna tábhachtacha maidir le dearbhú cáilíochta. D'eascair torthaí dearfacha ó athbhreithniú neamhspleách Chumann Ollscoileanna na hEorpa (COE) ar phróisis dearbhaithe cáilíochta in ollscoileanna na hÉireann agus chomh maith céanna ó athbhreithnithe Chomhairle na nDámhachtainí Ard-Oideachais agus Oiliúna agus Instituid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Is dúshlán leanúnach é feabhas a chur go leanúnach ar chaighdeán agus cultúr feabhsúcháin atá marthanach agus ar ardchaighdeán a chur chun cinn in earnáil an ardoideachais. Rud go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis is ea an gá atá le rannpháirtíocht níos mó ag mic léinn i bpróisis dearbhaithe cáilíochta. Beidh athbhreithniú ag an BCOÉ ina thasc tábhachtach le comhlíonadh thar tréimhse an phlean straitéisigh seo.

ATHCHÓIRIÚ AR AN TSAMHAIL UM LEITHDHÁILEADH DEONTAS

Cistíonn an ÚAO institiúidí chun go ndéanfaí uasmhéadú ar a gcuidiú do chuspóirí náisiúnta. Tá ár bpolasaithe cistíochta bunaithe ar an bprionsabal go bhfeabhsaítear feidhmiúchán institiúide nuair a chothaítear neamhspleáchas institiúide laistigh de chomhthéacs beartas láidre cuntasachta i leith úsáid cistí poiblí agus torthaí náisiúnta a bhaint amach. Is cuspóir dúinn an comhar a dhíol le hinstitiúidí a ghlacann cur

chuige straitéiseach, a chomharaíonn le hinstitiúidí eile agus a dhéanann iarracht réamhghníomhach ar chomhpháirtíochtaí comharaíochta a bhaint amach. Thar tréimhse an phlean straitéisigh roimhe seo, baineadh gnóthachtálacha suntasacha amach maidir le leibhéil níos mó cuntasachta a bhunú, cur chuige straitéiseach a chothú agus feabhas a chur ar chomharaíocht institiúide.

I measc na n-eochairghnóthachtálacha thar tréimhse an phlean straitéisigh roimhe seo bhí córas de chuntais chomhdhlúite sna hollscoileanna a thabhairt isteach agus ceapadh agus feidhmiú samhail athbhreithnithe um leithdháileadh deontas atréimhseacha (SLDA) do na hollscoileanna mar atá sé soiléir ón tsamhail go leanann an cistiúchán an mac léinn. Tabharfaidh an tsamhail cuntasacht, trédhearcacht agus soiléire níos fearr don chóras um leithdháileadh deontas. Chomh maith leis sin, tá béim níos mó ar leithdháiltí iomaíocha cistíochta a spreagann comharaíocht go follasach – e.g. an CSN agus an CTITL. Tá próisis cistiúcháin dá leithéid tar éis tús a chur le hathruithe suntasacha i meon na n-institiúidí. Aithnítear anois ar fud na hearnála gurb iad na hinstitiúidí rathúla na hinstitiúidí a chomharaíonn agus a bhíonn rannpháirteach i gcomhpháirtíochtaí bríocha le hinstitiúidí eile.

Sa tréimhse atá le teacht, beidh sé ríthábhachtach tógáil ar na gnóthachtálacha sin agus forbairt bhreise a dhéanamh ar an tsamhail cistiúcháin le háisiú a dhéanamh ar fhoghlaim inaistrithe creidiúint-bhunaithe laistigh de chreat foghlama ar feadh an tsaoil. Tacóidh sé seo le soláthar solúbtha, staidéir idirdhisciplíne agus cumasóidh foghlaimeoirí ábhair thar raon disciplíní agus fiú ábhair thar institiúidí a chur le chéile. I measc na dtosaíochtaí atá ann láithreach bonn tá forbairt a dhéanamh ar shamhail um leithdháileadh deontas, bunaithe ar phrionsabail inchomparáideacha, d'institiúidí teicneolaíochta. Caithfidh sé riachtanais na n-institiúidí a shásamh agus chomh maith céanna riachtanais trédhearcachta agus cuntasachta an ÚAO agus an Rialtais a shásamh.

Déanfaidh an ÚAO eilimint de chistiúchán feidhmiúcháin a ionchorprú chomh maith i leithdháiltí lárnacha deontas le comhar a dhíol le hinstitiúidí de réir a ngnóthachtála ar thorthaí náisiúnta. Ar deireadh, beidh ar institiúidí cur chuige níos straitéisí agus níos nuálaí a fheidhmiú maidir le cistiúchán príobháideach a thiomsú. Tá ról ag an ÚAO institiúidí a spreagadh agus a thacú le héagsúlú a dhéanamh ar a bhfoinsí cistiúcháin.

FORBAIRT STRAITÉISEACH DON LEAS NÁISIÚNTA

D'éirigh thar barr le próiseas an CTITL agus an CSN institiúidí a spreagadh le forbairt a dhéanamh ar straitéisí spriocdhírithe agus dúshlánacha agus le tacú leis na straitéisí institiúideacha sin. Is iad na hinstitiúidí ardoideachais go bhfuil an rath orthu sna próisis sin ná na hinstitiúidí sin a ghlacann cur chuige straitéiseach dá ngníomhaíochtaí agus a dhéanann iarracht cur leis na nirt agus na gníomhaíochtaí lárnacha atá ann cheana féin seachas a bheith rannpháirteach i réimse uile na ngníomhaíochtaí ardoideachais. Cé go bhfuil prionsabal na comharaíochta cuimsithe go maith i ngníomhaíochtaí taighde anois, tá gá ag institiúidí a bheith rannpháirteach ar shlí níos comharaíochtaí i ngníomhaíochtaí

atá ann cheana féin (seachas a bheith ag comharaíocht ar ghníomhaíochtaí nua) agus i bhfeidhmeanna bunúsacha múinteoireachta agus foghlama.

Tá mórán dul chun cinn le déanamh lena a dheimhniú go nglacann ár n-institiúidí ardoideachais chucu dearcadh earnála, chomh maith le dearcadh institiúide. Beidh ar institiúidí a nirt éagsúla féin a aithint agus iarracht a dhéanamh ar chur leis na nirt sin trí chuidiú le hollchuspóirí earnála ardoideachais comhdhéanta d'éagsúlacht soláthar. Chun a misin níos fairsinge a fhíorú, ba cheart institiúidí ardoideachais a spreagadh chun chaidreamh a thógáil laistigh den sochaí agus den phobal, is é ar intinn acu a straitéisí a chur in iúl agus na straitéisí sin a bheith comhsheasmhach le cuspóirí náisiúnta. Eochairthasc a bheidh ag ar ÚAO thar tréimhse an phlean straitéisigh seo ná áisiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur in iúl soiléir chuspóirí náisiúnta don earnáil ardoideachais. Déanfaidh seo soiléiriú ar thosaíochtaí náisiúnta agus ar eochairthorthaí a sholáthróidh creat d'institiúidí inar féidir leo a bpleananna straitéiseacha a fhorbairt.

Aguisín 4
Cláir Chistiúcháin

DEONTAS ATRÉIMHSEACH

Faigheann an ÚAO blocdheontas i gcabhair ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Leithdháileann an ÚAO an blocdheontas ar ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus institiúidí eile atá sainithe i leith gníomhaíochtaí atréimhseacha na n-institiúidí. Cuimsíonn an deontas atréimhseach a fhaigheann na hinstitiúidí na heilimintí seo a leanas:

(i) deontas i leith táillí teagaisc fhochéimithe (leithdháilte ar bhonn líon deimhnithe mac léinn);

(ii) deontas lárnach, leithdháilte ar institiúidí mar bhlocdheontas chun gníomhaíochtaí múinteoireachta agus taighde a chlúdach laistigh de na hinstitiúidí; agus

(iii) cistiúchán curtha in áirithe do chúraimí ar leith (e.g. oideachas míochaine, ganntanas scileanna aitheanta).

Leithdháiltear an deontas atréimhseach ar ollscoileanna ag teacht leis an tSamhail um Leithdháileadh Deontais Atréimhsigh (SLDA), a leithdháileann an deontas de réir líon na mac léinn de réir an réimse staidéir. Is é an tsamhail um leithdháileadh deontais atréimhsigh d'institiúidí teicneolaíochta 2007 atá á úsáid san ÚAO ná an ceann a bhí i bhfeidhm roimhe seo ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tosaíocht ag an ÚAO is ea é samhail nua um leithdháileadh deontas a fhorbairt do na hinstitiúidí.

CISTIÚCHÁN CAIPITIL

Tá dhá phríomhchlár cistiúcháin á mbainistiú ag an ÚAO faoina chlár caipitil:

(i) Clár Ginearálta Caipitil – clúdaíonn seo:
- na tionscadail atá molta i *dTuarascáil na Tuarascála um Beartú Tosaíochta Caipitil* (2004);
- moltaí nua tionscadail;
- mionoibreacha féideartha;
- tionscadail sláinte agus sábháilteachta;
- leithdháileadh féideartha trealaimh;
- oideachas agus oiliúint míochaine (clár iontrála do chéimithe); agus
- aon riachtanais eile atá ag teacht chun cinn; agus

(ii) CTITL / SETN – cuimsíonn seo na tionscadail a bhaineann le leagan amach Timthriallta 1 & 2, Timthriall 3, Timthriall 4 agus Timthriallta an CTITL sa todhchaí chomh maith le tionscadail eile infreastruchtúra taighde.

Is ciste ilbhliantúil an **Ciste Straitéiseach Nuálaíochta (CSN)**, atá dírithe i dtreo tacú le nuálaíocht in institiúidí ardoideachais. Tacaíonn sé le cur chuige nua um fheabhas a chur ar chaighdeán agus ar éifeachtacht laistigh den ardoideachas agus de thaighde, ag baint úsáid níos éifeachtaí as acmhainní atá ann cheana féin (ag áireamh acmhainní caipitil), chomh maith le cistiúchán nua. Tá na tionscadail atá faofa go dtí seo faoin CSN spriocdhírithe ar fheabhas a chur ar chomharaíocht idir institiúidí ardoideachais, feabhas a chur ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim, tacú le hathchóiriú institiúide, rochtain agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn chomh maith le tacú le forbairt an oideachais ceathrú leibhéal.

Tá an **Ciste Cúnaimh Mac Léinn** ar fáil do mhic léinn go bhfuil cruatan ar leith nó gan choinne orthu is iad i mbun staidéir. Leithdháiltear an ciste ar bhonn per capita, d'institiúidí ardoideachais a mhaoinítear ón gciste poiblí. Cuireann mic léinn iarratas isteach ar an gCiste Cúnaimh Mac Léinn trína n-oifig um sheirbhísí mac léinn nó tríd an oifigeach rochtana laistigh dá n-institiúid.

Leithdháiltear an **Ciste do Mhic Léinn atá faoi Mhíchumas** ar mhic léinn atá faoi mhíchumas go bhfuil tacaíochtaí agus seirbhísí breise uathu sa bhreisoideachas nó san ardoideachas. Tá an ciste ar fáil chomh maith do mhic léinn Éireannacha atá ag freastal ar an ardoideachas sa Ríocht Aontaithe. Cuireann institiúidí ardoideachais iarratas ar chistiúchán isteach do dhaoine indibhidiúla nó do ghrúpaí mac léinn. Leithdháiltear an cistiúchán ar mhic léinn aitheanta indibhidiúla agus tá caitheamh an chiste teoranta do sheirbhísí nó do threalamh ag a bhfuil nasc díreach leis na daoine indibhidiúla.

Soláthraíonn an **Ciste Páirtnéireachta Mílaoise** cistiúchán phobalbhunaithe um thacú le coinneáil agus rannpháirtíocht i measc grúpaí mac léinn atá faoi ghannionadaíocht sa bhreisoideachas nó san ardoideachas. Tá sé ar fáil do mhic léinn atá i gcomhpháirtíochtaí ceantair agus i ngrúpaí pobail atá rannpháirteach sa Clár Forbartha Áitiúil um Chuimsiú Sóisialta (CFÁCS). Déanann eagraíochtaí iarratas ar chistiúchán Mílaoise go bliantúil trí Pobal Teo., agus déanann Pobal an ciste a riaradh thar ceann na hOifige Náisiúnta Rochtana laistigh den ÚAO.

Soláthraíonn an **Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (CTITL)** tacaíocht do straitéisí institiúide taighde, comharaíocht idir-institiúide, cláir ollmhóra taighde agus infreastruchtúr. Leithdháiltear é ar bhonn iomaíoch.

Soláthraíonn na **Cláir Thaighde Thuaidh-Theas** tacaíocht do chomharaíocht trasteorann sa chaoi is go:

(a) bhfeabhsófaí acmhainneacht oileán na hÉireann; agus

(b) gcuideofaí le síocháin agus le hathmhuintearas ar oileán na hÉireann.

Cothaíonn an **Ciste um Thaighde Digiteach** taighde comharaíochta, idirdhisiplíneach ar

na meáin, ar ábhair agus ar mhodhanna. Tá sé á riaradh ag an ÚAO thar ceann an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Is aidhm don **Chlár um Chomhoibriú Straitéiseach idir Chúnamh Éireann agus Institiúidí Ardoideachais agus Taighde 2007-2011** gníomhaíocht nuálach taighde a chur chun cinn thar raon de réimsí ábhar i dtacú le misean Chúnamh Éireann an bhochtaineacht a laghdú.

Is é an ÚAO an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Ghníomhaíocht Erasmus, an **Clár Gníomhaíochta AE um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil 2007 – 2013**, agus is é an ghníomhaíocht a bhaineann leis an ardoideachas agus ar ardoiliúint. Is í an aidhm atá le hErasmus ná feabhas a chur ar chaighdeán an ardoideachais agus a dhiminsean Eorpach a neartú. Déanann sé seo trí chomhoibriú trasnáisiúnta a spreagadh idir institiúidí ardoideachais, ag cothú gluaiseachta Eorpach mac léinn, múinteoirí, agus foirne agus ag cuidiú le trédhearcacht feabhsaithe agus aitheantas acadúil na gcáilíochtaí agus na staidéir ar fud an Aontais Eorpaigh. Déanann an ÚAO na gníomhaíochtaí seo a leanas a riaradh laistigh de chlár Erasmus:

- Sogluaiseacht Mac Léinn;
- Socruithe Mac Léinn (ó leibhéal 6 HETAC agus os a chionn);
- Sogluaiseacht foirne múinteoireachta,
- Oiliúint foirne;
- Gluaiseacht a eagrú; agus
- Dianchláir.

Is é an ÚAO an Struchtúr Náisiúnta chomh maith do Chlár Erasmus Mundus, chomh maith le bheith ina phointe teagmhála do Tempus.